




# Cúnamh Éireann
# Tuarascáil Bhliantúil
# 2014

Cúnamh Éireann
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Tiomantas na hÉireann go mbeadh an domhan gan bhochtaineacht agus ocras


# Cúnamh Éireann 1974-2014
# Dhá scór bliain i mbun tuairiscithe



| 1980í







| 1990í






| 2000í








| 2010í









Clúdach Tosaigh: Radharc tuaithe, dúiche Dedza, An Mhaláiv.
Grianghraf: Cúnamh Éireann






## Clár Ábhair


**2** Réamhrá

**4** Athbhreithniú na Bliana

**10** Domhan Amháin, Todhchaí Amháin

**12** Creat Gníomhaíochta - Seacht Réimse Tosaíochta

**16** Tíortha Comhpháirtíochta Tábhachtacha

**36** Tíortha Eile Comhpháirtithe

**41** Cuntasacht agus Trédhearcacht

**42** Comhpháirtithe ENR

**44** Tacú le Comhpháirtithe Iltaobhacha

**46** Comhpháirtíochtaí Ardoideachais

**47** Ag dul i mbun Rannpháirtíochta le Muintir na hEireann

**51** Iarscríbhinní

# Réamhrá


Charlie Flanagan TD


Seán Sherlock TD

## Bliain dhúshlánach a bhí in 2014 d'fhorbairt dhomhanda. Ach i gcoinne cúlra ina bhfuil léibhéil de ghéarchéim dhaonnúil atá ag dul i méid ar fud an domhain, bhí comharthaí dóchais ann freisin le dul i ngleic agus deireadh a chur leis an bhfíorbhochtaineacht agus leis an bhfíor-ocras sa domhan seo againne. Tá ról fuinniúil glactha ag Éirinn, trínár gclár cúnaimh agus ár rannpháirtíocht um beartas eachtrach.

In 2014, chuir an Rialtas beagnach €600m ar fáil don Chúnamh Forbartha Oifigiúil (CFO), a léiríonn tiomantas diongbháilte mhuintir na hÉireann fiú amháin le linn na mblianta ina raibh deacrachtaí geilleagracha sa bhaile. In 2014 foilsíodh dhá dhoiciméad thábhachtacha a thugann bunús dúinn le héifeacht ár gcúnaimh a thomhas agus a fhorbairt.


Thógamar an beartas nua um fhorbairt idirnáisiúnta, *Domhan Amháin, Todhchaí Amháin* agus d'aistríomar isteach é i gCreat daingean maidir le cur i bhFeidhm a foilsíodh i mí Mheán Fómhair. Sa Chreat, leagtar amach na torthaí, gníomhaíochtaí, agus struchtúir institiúideacha atá riachtanach le spriocanna *Domhan Amháin, Todhchaí Amháin* a bhaint amach. Tá sé in *úsáid* anois chun cinntí beartais agus cláir maidir le clár cúnaimh na hÉireann a threorú chomh fada le 2017.

Bhí páirt ghníomhach againn le hAthbhreithniú Piaraí Choiste Cúnaimh Fhorbartha an ECFE ar chlár cúnaimh na hÉireann agus chuireamar fáilte roimh an tuarascáil, a foilsíodh i mí na Nollag. San Athbhreithniú rinneadh measúnú an-dearfach ar an gclár, go háirithe sa mhéid is go mbíonn an cúnamh forbartha a thugaimid ag díriú ar na tíortha is boichte agus go ndíríonn sé ar na daoine is soghonta. Tugadh moladh d'Éirinn as a beartais a díriú ar riachtanais agus tosaíochtaí a tíortha comhpháirtíochta, agus an fís iomlán shoiléir maidir le comhoibriú forbartha a bheith aici. Thug an tAthbhreithniú moltaí luachmhara dúinn freisin agus táimid ag tabhairt fúthu cheana féin chun tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtacht ár gclár cúnaimh.

Bhíomar uile an-bhródúil as an gcuairt shuntasach a thug an tUachtarán Uí Uiginn ar an Afraic i mí na Samhna. Thug sé cuairt ar thrí phríomhthír chomhpháirtíochta agus leag sé béim ar an tábhacht a bhaineann le caidreamh na hÉireann leis an Afraic agus lena muintir. Chonaic sé tionscadail agus cláir Chúnamh Éireann san Aetóip, sa Mhaláiv agus san Afraic Theas agus chuir sé béim ar thiomantas leanúnach na hÉireann dár gcomharsana in ilchríoch atá ag athrú agus atá beo fuinniúil. Tá ár gcomhpháirtíocht le gach tír bunaithe ní hamháin ar riachtanais ach ar dheiseanna freisin lenár gcuspóirí um beartas eachtrach a chur chun cinn. Is comhpháirtíocht dhéthaobhach é seo, agus níos mó agus níos mó faoi chomhthosaíochtaí, comhluachanna agus comhoibriú.

Ach, leis na hathruithe seo, is féidir an dul chun cinn a chur ar gcúl de bharr géarchéime nó eachtraí nach bhfuiltear ag súil léi/leo. In 2014, bhí an ráig ba mhó ná mar a bhí riamh den Ebola le 26,000 cás agus níos mó ná 11,000 duine a fuair bás. Ag eascairt as an tubaiste seo, féadfaidh muintir na hÉireann a bheith bródúil as an ról a bhí againn chun cabhrú leis an ráig a chur faoi smacht agus cóireáil agus cúram a chur ar fáil do na mílte duine a bhí buailte leis. Ós rud é go rabhamar ar an talamh i Siarra Leon, áit a ndearnadh ár misean a uasghrádú go hAmbasáid iomlán, bhíomar in ann freagairt go tapa. Lenár dtacaíocht cabhraíodh le hothaircharr a fheistiú, cuidíodh leis na foinsí d'ionfhabhtuithe nua a aimsiú, agus bia cothaitheach a chur ar fáil do theaghlaigh agus pobail atá ar choraintín, agus ag an am céanna leanamar ar aghaidh lenár gclár de chúnamh fadtéarmach.

Bhí líon géarchéimeanna daonnúla nach rabhthas ag súil leo i ndán don domhan freisin. Le héigeandálaí casta sa tSiria, sa tSúdáin Theas agus i bPoblacht na hAfraice Láir bhí na mílte duine fágtha agus bia agus dídean ag teastáil uathu go práinneach. Tá 59 milliún duine sa domhan anois ar dídeanaithe iad nó atá díláithrithe óna



Namro Gul le Meer (2) ag glacadh tearmainn taobh istigh de phluais in Haripur, an Phacastáin. Grianghraf: Kim Haughton / Trócaire

dtithe. D'fhreagraíomar go tapa agus go héifeachtach trí na céadta tona soláthairtí réamhshuite a iompar chuig teaghlaigh agus pobail sháinnithe. Chomh maith leis sin thugamar tús áite do mhaoiniú do thíortha agus réigiúin ina bhfuil gá práinneach ainsealach ach, de bharr na ngéirchéimeanna nua atá tar éis teacht chun cinn, nach bhfuil i mbéal an phobail. Táimid tiomanta lena chinntiú go bhfuileamar réidh le freagairt do na géarchéimeanna seo agus ag an am céanna díriú ar na torthaí forbartha fadtéarmacha a bhaint amach.


Thosaigh an idirbheartaíocht i ndáiríre freisin chun creat um fhorbairt dhomhanda a chomhaontú le teacht in áit Spriocanna Forbartha na Mílaoise. Bhí Éire i nGrúpa Oibre Oscailte an NA a rinneadh idirbheartaíocht ar Dhréachtspriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus ba mhór an onóir dúinn nuair a ceapadh Éire agus an Chéinia le comhéascú a dhéanamh ar an mbabhta deiridh den idirbheartaíocht ar an iarchlár oibre forbartha 2015 ag na Náisiúin Aontaithe, roimh ceann amháin de na cruinnithe mullaigh suntasacha domhanda atá le bheith ar siúl ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2015 i Nua-Eabhrac.

Ar cheann amháin de na foilseacháin is tábhachtaí atá againn tá Tuarascáil Bhliantúil Chúnamh Éireann. Is é seo an deis bhliantúil a bhíonn againn chun muintir na hÉireann a chur ar an eolas faoi bhuaicphointí agus dúshláin na bliana seo caite ina gclár cúnaimh. I dtuarascáil na bliana seo leagtar amach príomhthosaíochtaí an Chreata maidir leis an gCur i bhFeidhm, breathnaítear ar na torthaí a baineadh amach inár gclár cúnaimh ar fad, inár bPríomhthíortha Comhpháirtíochta agus trínár gcomhpháirtithe iltaobhacha agus ENR. Cuirtear cás-staidéir i láthair a léiríonn éifeacht, ag leibhéal an duine aonair, ár gcláir ar an talamh. Sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an Tuarascáil cuirtear sonraí ar fáil maidir leis na heagraíochtaí uile a fhaigheann maoiniú ó Chúnamh Éireann i rith na bliana. Molaimid duit breathnú ar an eolas chun féachaint ar an gcaoi ina gcaitear do chuid airgid.

Féadfaidh muintir na hÉireann a bheith an-bhródúil as clár Chúnamh Éireann. Díríonn sé go mór ar an mbochtaineacht, ar an ocras agus míchothú, agus ar na tíortha agus pobail is mó gátar san Afraic fho-Shahárach. Táimid tiomanta ár muintir a choinneáil ar an eolas go hiomlán maidir lenár gcláir, an éifeacht dhearfach a bhíonn acu ar dhaoine agus ar phobail, agus an áit ina bhfuil siad ag croílár bheartas eachtrach na hÉireann.



**Charlie Flanagan TD**
An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála



**Seán Sherlock TD**
An tAire Stáit do Forbairt, Tionscnamh Trádála agus Chomhar Thuaidh Theas

# Athbhreithniú na Bliana

Cé gur bliain dhúshlánach a bhí ann ó thaobh na forbartha de, rinne an OECD athbhreithniú piaraí ar Éirinn agus bhí an toradh an-fhabhrach; thug an tUachtarán Uí Uiginn sraith thábhachtach cuairteanna chuig trí thír as an Afraic agus bhí ar an Domhan díriú ar leibhéal tromchúiseach na héigeandála daonnúla, lena n-áirítear an ráig is mó de Ebola riamh.

## Athbhreithniú Piaraí DAC

Le linn 2014, rinne an Coiste um Chúnamh Forbartha (DAC) de chuid an OECD, an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, Athbhreithniú Piaraí ar chlár cabhrach na hÉireann. Déantar athbhreithnithe piaraí DAC OECD uair gach 4-5 bliana. Is tagarmharc tábhachtach é an t-athbhreithniú a chuireann treoir agus ceachtanna ar fáil do gach bronntóir. Tá sé mar aidhm aige cláir agus beartais forbartha a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh dul i ngleic le bochtaineacht de.

Mhol an t-athbhreithniú Éire as an méid a rannchuidigh sí maidir le dul i ngleic le hocras agus bochtaineacht, agus as fís fhoriomlán a bheith aici ar chomhoibriú forbartha, rud atá riachtanach dá beartas eachtrach. Luadh go "gcomhlíonann Éire a gealltanas ar fhorbairt idirnáisiúnta agus a gealltanas maidir le hearraí poiblí domhanda amhail síocháin, cearta an duine agus slándáil bia go héifeachtúil." Mhol sé chomh maith cur chuige na hÉireann maidir leis na daoine is boichte agus is leochailí ina beartais agus ina cláir go léir.

Luaigh an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Charlie Flanagan T.D., ag seoladh na Tuarascála ar an athbhreithniú piaraí DAC i mí na Nollag:

*"go léiríonn an Tuarascáil DAC OECD go bhfuil Éire ina ceannaire domhanda i gcónaí ó thaobh dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus an ocras agus ó thaobh cúnamh a thabhairt do na pobail is boichte maireachtáil agus le go mbeadh borradh fúthu. Is féidir le gach saoránach Éireannach bheith an-bhródúil as an obair seo agus an difríocht a dhéanann sé do na milliúin duine ar fud an domhain."*

Sheas an tAthbhreithniú seo le conclúidí na n-athbhreithnithe a foilsíodh i mblianta roimhe seo a chuir béim ar ghealltanas na hÉireann do chlár cabhrach éifeachtach a théann i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an ocras.

Ina theannta sin, thug an t-athbhreithniú chun suntais rath na hÉireann maidir lena sprioc 20% dá buiséad a chaitheamh ar an gcomhrac i gcoinne an ocrais agus maidir lena spriocanna caiteachais a chomhlíonadh ar chomhionannas inscne agus an timpeallacht.

Díríodh, chomh maith, ar ról ceannaireachta na hÉireann, a imríonn sí ar an leibhéal domhanda ó thaobh dul chun cinn breise a chur chun cinn maidir le deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus ocras domhanda agus maidir le freagairt go héifeachtach do héigeandálaí daonnúla agus athléimneacht a thógáil i measc pobal atá i mbaol tubaistí. *"Ghlac Éire leis an tiomantas láidir athléimneacht a thógáil agus tá éirithe léi an tiomantas sin a neadú ina cuid clár agus ina cuid próiseas go léir; d'fhéadfadh bronntóirí eile foghlaim uaidh seo. Tá iarracht iomlánaíoch ann chomh maith chun tacú le téarnamh le sonrú i ndearadh na gclár seo agus sna meicníochtaí maoiniúcháin."*



Ag seoladh Athbhreithniú Piaraí DAC de chlár Chúnamh Éireann i dTithe an Rialtais, Baile Átha Cliath bhí siad seo a leanas: An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Charlie Flanagan TD (sa lár) An tAire Stáit do Forbairt, Tionscnamh Trádála agus Chomhar Thuaidh Theas Seán Sherlock TD (ar chlé) agus cathaoirleach DAC OECD Eric Solheim (ar dheis). Grianghraf: Julien Behal / Maxwells




An tAire Stáit do Forbairt, Tionscnamh Trádála agus Chomhar Thuaidh Theas Seán Sherlock in éineacht le Virginia Williams, bean chabhrach ag Ionad Sláinte Pobail Murray Town, Siarra Leon. Faigheann an t-ionad tacaíocht ó UNICEF agus maoiniú ó Éirinn. Grianghraf: Cúnamh Éireann

## Freagairt ar ráig Ebola

In 2014, bhuail an ráig Ebola ba mheasa riamh Iarthar na hAfraice. Bhí ról ceannasach ag Éirinn maidir le freagairt idirnáisiúnta don ráig Ebola, trí thacaíocht shuntasach airgeadais a chur a fáil agus trí obair ár n-ambasáide i Siarra Leon, is í Siarra Leon an tír chomhpháirtíochta thábhachtach is nuaí atá ag Éirinn in 2014.

Bhí tionchar tubaisteach ag Ebola ar thíortha agus ar phobail sa cheantar; bhí 26,000 cás ann agus maraíodh 11,000 duine dá bharr.

Chuir Éire €18 milliún ar fáil do na tíortha is mó a bhí thíos leis seo. Áiríodh €11.8 milliún leis seo arna treorú trí na cláir reatha forbartha i Siarra Leon agus sa Libéir, a bhfuil fócas láidir acu beirt ar a gcórais sláinte náisiúnta. Cuireadh €5.6 milliún ar fáil, chomh maith, le haghaidh saoráidí cóireála Ebola go sonrach agus d'obair maidir le teacht ar theagmhálacha, slógadh an phobail agus cothú páiste.

Ina theannta sin, chuir Cúnamh Éireann maoiniú ar fáil agus d'oibrigh sé i gcomhar le raon eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhí ag obair ar an bhfreagairt ar Ebola in Iarthar na hAfraice lena n-áirítear Concern Worldwide, Plan Ireland agus Misean Cara.

Imlonnaíodh foireann bheag ó Óglaigh na hÉireann go Siarra Leon i mí na Samhna 2014 d'fhonn cumas na hAmbasáide a athneartú de réir mar a bhailigh na hiarrachtaí fóirithinte idirnáisiúnta neart; ina theannta seo, i mí na Samhna d'imlonnaigh Éire saineolaithe sláinte poiblí ón Roinn Sláinte go dtí an Libéir.

Thug an tAire Stáit Seán Sherlock, TD, cuairt ar Shiarra Leon i mí Dheireadh Fómhair, an chéad Aire Eorpach a rinne amhlaidh ó tosaíodh an ráig. Bhuail sé le hUachtarán Shiarra Leon, Ernest Bai Koroma, líon Aire Rialtais, foireann na hAmbasáide agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha. Ghlac rialtas Shiarra Leon lena chuairt mar léiriú soiléir ar thacaíocht agus ar dhlúthpháirtíocht na hÉireann dul i ngleic leis an ráig.

Chuir Éire €18 milliún ar fáil do na tíortha is mó a bhí thíos leis seo. Áiríodh €11.8 milliún leis seo arna treorú trí na cláir reatha forbartha i Siarra Leon agus sa Libéir, a bhfuil fócas láidir acu beirt ar a gcórais sláinte náisiúnta.




An tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn ag labhairt ag Ollscoil Johannesburg, Campas Soweto, áit ar thug sé an spreagaitheasc, 'Dúshláin agus Deiseanna san Afraic'. Grianghraf: Chris Bellew / Fennell Photography

## Tugann an tUachtarán Uí Uiginn cuairt ar Thíortha Comhpháirtíochta Tábhachtacha san Afraic.

Thug an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn cuairt stairiúil ar thrí náisiún san Afraic i mí na Samhna 2014. Ba ón 1 Samhain go dtí an 21 Samhain a bhí an chuairt, a raibh an Aetóip, an Mhaláiv agus an Afraic Theas san áireamh.

Chuir an chuairt béim ar thábhacht an chaidrimh atá ag Éirinn leis an Afraic agus ar an méid a rannchuidíonn muintir na hÉireann le forbairt na hAfraice. Deis a bhí ann don Uachtarán comhthosaíochtaí agus comhimní a phlé, an chaibidlíocht leantach ag na Náisiúin Aontaithe ar Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe, chomh maith le hAthrú Aeráide, cearta an duine, agus an ghéarchéim Ebola.

Le linn a chuairte, thug an tUachtarán eochairchaint ag Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Afraic in Addis Ababa, labhair sé faoi chearta an duine ag dhá cheann de na hOllscoileanna is mó le rá san Afraic Theas, thug sé cuairt ar go leor tionscadal de chuid Chúnamh Éireann sna trí thír agus, ina theannta sin, thug sé cuairt ar phobail dhídeanaí.

Le linn a chuairte, thug an tUachtarán chun suntais:

> "Tá pointe casaidh os ár gcomhair sa chaidreamh idir Éirinn agus an Afraic; caidreamh a bhainfidh le comhpháirtíocht, comhoibriú agus trádáil chothrom agus chóir níos mó ná riamh. Bunaithe ar ár stair, tá cáil láidir ar Éirinn san Afraic agus de réir mar a dhéanann an Afraic dul chun cinn táimid in áit mhaith comhoibriú le chéile mar chairde".



An tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn agus a bhean chéile Sabina ag tabhairt cuairte ar othar agus ar a naíonán ag Ospidéal Hamlin Fistula, ospidéal ina ndéantar cúram do mhná a bhfuil fiostúl cnáimhseach ag dul dóibh, in Addis Ababa, an Aetóip. Grianghraf: Chris Bellew / Fennell Photography



An tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn agus a bhean chéile Sabina ag féachaint ar thobar uisce le linn cuairte ar shráidbhaile Saopampeni, ceantar Salima, an Mhaláiv. Grianghraf: Chris Bellew / Fennell Photography



Lebenía Mkayula agus a páiste Atupele ag Scoil Feirmeoirí, Sráidbhaile Ibumila, Barda Mgama, Réigiún Iringa. Grianghraf: Aliakber Hakimjee / Indigo MTPC Ltd

**269 TONNA**

de stoc-chairn réamhshocraithe lena n-áirítear blaincéid, pubaill, cannaí breosla, líonta muiscíte agus nithe faoisimh éigeandála eile iompartha chuig pobail i nDeisceart na Súdáine, Siarra Leon, Camarún, An Iaráic, An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus an tSeirbia.

**32 BALL ARDOILTE DE**

Chór Mearfhreagartha na hÉireann imscartha le dul ag obair mar fhoireann chúltaca ('surge capacity' as Béarla) in éineacht le Comhpháirtithe Taca na Náisiún Aontaithe i nDeisceart na Súdáine, An Aetóip, An tSúdáin, Poblacht na hAfraice Láir, An tSomáil, An tSeineagáil, An Chéinia, Maenmar, An Iordáin, An Liobáin agus An Tuirc.

**BHAIN 15,000**

teifeach na Siria agus baill na bpobal óstach sa Liobáin tairbhe as clár cosanta a reáchtáil Concern a oibríonn le pobail chun athléimneacht a thógáil agus foréigean a chosc, le coinníollacha maireachtála slán agus sábháilte a chinntiú do mhná agus do pháistí sa cheantar.

# CUR SÍOS AR THACAÍOCHT DHAONNÚIL NA HÉIREANN LE LINN NA 2014

**240,800**

D'iompair Aershеirbhís Dhaonnúil na Náisiún Aontaithe (UNHAS), a fuair maoiniú ó Chúnamh Éireann ar luach €500,000 oibrí daonnúla ar 240,800 eitilt chuig agus as limistéir iarghúlta i níos mó ná 20 tír.

**1.6 TONNA**

Chuir an WFP 1.6 tonna bia ar fáil do 228,000 duine i bPoblacht na hAfraice Láir agus méadaíodh oibríochtaí chun riachtanais 1.2 milliún duine a chomhlíonadh faoi Lúnasa 2014. Chuir Cúnamh Éireann €500,000 ar fáil go díreach d'obair an WFP i bPoblacht na hAfraice Láir in 2014.

Sa Nígir, fuair 10,268 tairbhí ó Chros Dhearg na hÉireann as 15 phobal tacaíocht le bancanna gránach inbhuanaithe, seirbhísí pobail tréidliachta, beostoc beag, uisce, sláinteachas agus oiliúint.

Chabhraigh Cúnamh Éireann na riachtanais phráinneacha a bhí ag suas go 30,000 Iasaídeach a chomhlíonadh, a bhí sáinnithe ar Shliabh Sinjar; chabhraigh siad le 12,000 Críostaí breise a bhí easáitithe chuig Erbil. Áiríodh pacáistí teaghlaigh éigeandála déanta suas d'ionaid dhídine, uisce, sláintíocht agus soláthairtí sláinteachais agus na mílte lítear d'uisce buidéalaithe.




Cuairt ó thoscaireacht ón gComhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádála chun na hOileáin Filipíneacha i 2014.
Grianghraf: Cúnamh Éireann

## Cúnamh Daonnúil PR

2014, bliain ina raibh riachtanas daonnúil tromchúiseach ar fud an domhain.  Bhí aird an domhain ar an tSiria, Deisceart na Súdáine, Poblacht na hAfraice Láir agus Gaza mar aon leis an ngéarchéim Ebola in Iarthar na hAfraice mar gheall ar éigeandála casta. Thug Éire freagra tráthúil, comhordaithe, agus éifeachtach ar na héigeandálaí seo de réir mar a lean sí ar aghaidh ag leithroinnt acmhainní ar 'ghéarchéimeanna dearmadta' agus fadtréimhseach i dtíortha amhail an tSomáil, Sead agus an Aetóip. Cuireadh maoiniú ar fáil chomh maith do chúnamh daonnúil san Iaráic, an Liobáin agus Poblacht Éimin. In 2014, rinne Cúnamh Éireann tacaíocht a threorú trí raon leathan eagraíochtaí comhpháirtíochta iontaofa agus seanbhunaithe (UN, Red Cross agus eagraíochtaí neamhrialtasacha) agus é ag cur seirbhísí riachtanacha ar fáil do phobail ábhartha sna tíortha seo go léir.

Thug toscaireacht ón gComhchoiste Oireachtais ar Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil cuairt ar na hOileáin Filipíneacha chun obair atógála arna maoiniú ag Cúnamh Éireann a mheas, i ndiaidh an tíofúin Haiyan a tharla ag deireadh 2013. Bhí ionaid dídine a tógadh a bhuí le tacaíocht ó Chúnamh Éireann mar chuid de na láithreáin ar a dtugadh cuairt orthu; sheas siad fórsaí an tíofúin Hagupit bliain amháin níos déanaí. Bhí an Cathaoirleach Coiste agus na baill an-dearfach faoin tionchar a chonaic siad ar an talamh agus mheas siad go raibh freagairt na hÉireann tráthúil, éfieachtach agus oiriúnach.




Éigeandálaí agus soláthairtí: An tAire Stáit do Forbairt, Tionscnamh Trádála agus Chomhar Thuaidh Theas Seán Sherlock in éineacht le Gon Myers ó Chlár Domhanda Bia na NA, Freetown, Siarra Leon.
Grianghraf: Cúnamh Éireann

# Domhan Amháin, Todhchaí Amháin: Creat le haghaidh Gníomhaíochta


## Ón mBeartas go Cur chun Feidhme

D'athdhearbhaigh Beartas na hÉireann ar Fhorbairt Idirnáisiúnta, Domhan Amháin, Todhchaí Amháin, arna chomhaontú in 2013, ár ngealltanas náisiúnta do chomhar um fhorbairt, agus cuirtear an comhrac i gcoinne na bochtaineachta domhanda mar cholún lárnach i mbeartas na hÉireann maidir le gnóthaí eachtrannacha.


Chun a áirithiú go gcuirtear an beartas ag obair go praiticiú d'fhorbair an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil (Cúnamh Éireann) creat cur chun feidhme chun treoir a ch ar fáil maidir le conas spriocanna agus tosaíochtaí a leagta amach sa bheartas a bhaint amach.

Forbraíodh agus foilsíodh an Creat Gníomhaíochta Domha Amháin, Todhchaí Amháin in 2014. Díríonn sé go soiléir ar na torthaí gur mhian linn féin agus lenár gcomhpháirtithe a bhaint amach don tréimhse 2014 - 2017. Is é an creat seo an bonn atá lenár gcinntí go léir beartais agus cláreagraith agus tá sé ag cur ar ár gcumas tionchar, éifeachtúlacht, cuntasacht an chláir a láidriú, rud atá an-tábhachtach.

Díríonn an Creat Gníomhaíochta ar na trí sprioc beartais seo a leanas: an t-ocras a laghdú agus athléimneacht níos láidre; rialachas níos fearr, cearta an duine agus cuntasacht; forbairt inbhuanaithe agus fás cuimsitheach eacnamaíochta. Cuireann sé treoir ar fáil maidir le cur chun feidhme na seacht réimse tosaíochta atá againn. Tá deich dTortha Ardleibhéil nasctha leo siúd; tá gach ceann díobh seo bainteach le bochtaineacht agus leochaileacht a laghdú.




**Leis an gCreat Gníomhaíochta, cuirfear ar ár gcumas tionchar, éifeachtúlacht agus cuntasacht an chláir a láidriú.**




Daoine Dílonnaithe go hInmheánach ag fanacht ar bhia agus ar chúnamh eile in Darfur, an tSúdáin.
Grianghraf: Panos.

# Creat Gníomhaíochta - Seacht Réimse Tosaíochta

## 1. Ocras Domhanda

In 2014, chomhlíon Cúnamh Éireann an sprioc a bhí ag an Rialtas de 20% dá bhuiséad a dhíriú ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne an ocrais. Dhírigh an tacaíocht ar bhorradh a chur faoi tháirgiúlacht talmhaíochta d'fheirmeoirí beochta le gabháltais bheaga le fócas ar leith ar fheirmeoirí mná.

Tugadh cúnamh do raon leathan idirghabhálacha agus clár le fócas ar leith ar 'stunting' (bac ar fhás duine) le linn na luath-óige a chosc. Straitéis thábhachtach d'Éirinn is ea díriú ar an "deis 1,000 lá"; is ionann seo agus an 1,000 lá idir toircheas mná agus dara breithlá a páiste. Tugann an tréimhse seo deis uathúil chun cosaint in aghaidh míchothú



Feirmeoir beag James Zingano lena chuid muca i sráidbhaile Mantega, ceantar Dedza, an Mhaláiv. Grianghraf: Cúnamh Éireann

sna blianta i ndiaidh na tréimhse sin. Leanann Éire ar aghaidh leis an obair maidir le cleachtas um beathú leanaí óga a fheabhsú agus cuireann sé cothú linbh ar an gcíoch amháin chun cinn do naíonáin suas go sé mhí d'aois.

I gcúinsí daonnúlacha and géarchéimeacha, chuir Éire ar fáil cúnamh éigeandála le cúrsaí bia agus thacaigh siad cóir leighis ar droch-chothú dian géar.

Is comhalta bunaidh é Éire den ghluaiseacht Scaling Up Nutrition (SUN) agus bhí sí ag gabháil do SUN ag leibhéal domhanda agus ar leibhéal na tíre le linn na bliana. Tugann SUN tíortha forbartha agus gníomhaireachtaí, na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach le chéile chun aghaidh a thabhairt ar thearc-chothú le linn toirchis agus na luath-óige.

Léiríodh tosaíochtaí na hÉireann maidir le hocras agus tearc-chothú i gcomhdhálacha déanta beartais idirnáisiúnta in 2014. Mar shampla, labhair an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil Charlie Flanagan TD ag fo-ócáid ardleibhéil ar "Ocras Niallasach" arna reáchtáil i gcomhar leis an WFP, ag Tionóil Ginearálta na Náisiún Aontaithe. Thug an tAire chun suntais, ina óráid, an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíochtaí agus tacaíocht pholaitúil don ghluaiseacht Scaling Up Nutrition (SUN) a bhfuil Éire mar chomhalta ghníomhach di.

Bhí an tAire Sláinte Leo Varadkar, T.D. i gceannas ar thoscaireacht na hÉireann chuig an Dara Comhdháil Idirnáisiúnta ar Chothú sa Róimh i mí na Samhna agus labhair sé ar: Iarrachtaí na hÉireann chun murtall i measc páistí a chobhsú; iarrachtaí leantacha in Éirinn bia slán agus dea-chothaitheach atá inbhuanaithe a tháirgeadh; ceannasacht agus infheistíocht na hÉireann maidir le cothú sa chlár cúnaimh.

www.irishaid.ie/what-we-do/our-priority-areas/hunger/



Déantar scagadh ar Enzo Ezelaki, 6 mhí d'aois, ag Ionad Sláinte Kiponzelo, Réigiún Iringa, an Tansáin. Grianghraf: Aliakber Hakimjee / Indigo MTPC Ltd

## 2. Stáit agus Staideanna Leochaileacha

I dtíortha, a bhaineann leochaileacht agus éagobhsaíocht leo agus nach bhfuil na struchtúir riachtanacha acu chun seirbhísí bunúsacha a sholáthar do shaoránaigh agus cearta an duine a ndaonraí a chosaint, atá cion shuntasach de dhaoine bochta na cruinne, cion atá ag méadú. Tá coinbhleacht, foréigean, bochtaineacht, éagobhsaíocht pholaitiúil agus tubaistí nádúrtha, cúinsí leochaileachta ar na dúshláin is práinní atá ag an domhan atá i mbéal forbartha. Tá siad ina mbagairtí chomh maith ar an seasmhacht dhomhanda agus réigiúnach.

Tá iarrachtaí na hÉireann dírithe ar na tíortha is mó atá i mbaol agus ina bhfuil na riachtanais is mó. D'oibrigh Cúnamh Éireann i go leor timpeallachtaí fíorachrannacha a bhuí lena gcláir dhaonnúla agus laistigh dá dTíortha Comhpháirtíochta Tábhachtacha. Go háirithe, i gcomhlíonadh tiomantas sa Chreat d'Aicsean chun cur chuige a sainshíniú go soiléir, cuireadh Coimre Polasaí Stáit Leochailigh chun críche. Leanfaidh an clár um Chúnamh Éireann de ag cur lena chumas dul ag obair i stáit leochaileacha, rannchuidiú le stáit agus institiúidí éifeachtacha agus athléimneach agus dlisteanacha a thógáil. Chuir Éire lena rannpháirtíocht i Siarra Leon in 2014 agus í roghnaithe mar cheann dá dTíortha Comhpháirtíochta Tábhachtacha aici.

Leanann Cúnamh Éireann de ag dul i dteagmháil le heagraíochtaí amhail an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir leis na réimsí idirghaolmhara seo a leanas: síocháin, slándáil agus forbairt. Sampla de seo is ea an bhallraíocht ghníomhach den Ghréasán Idirnáisiúnta um Choinbhleacht agus Leochaileacht de chuid an OECD.

www.irishaid.ie/what-we-do/responding-to-emergencies/our-approach-to-crises/suppoerting-fragile-states/

## 3. An tAthrú Aeráide

Táthar ag leanúint den chomhoibriú ar shaincheisteanna um an athrú aeráide ar fud an Rialtais chun tacú leis na tíortha is lú forbairt oiriúnú don athrú aeráide agus, mar chuid den AE, chun comhaontú cothrom ceangailteach aeráide domhanda a bhaint amach. Táthar ag súil leis go dtabharfar an comhaontú sin chun críche ag Comhdháil na bPáirtithe sna Náisiúin Aontaithe a chuirfear ar siúl i bPáras i mí na Nollag 2015.

Thug an dea-chleachtas ón gclár cúnaimh eolas do rannpháirtíocht na hÉireann i gCreatchoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide (UNFCC) agus i gCruinniú Mullaigh Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide. Le tacaíocht na hÉireann, bhí mná agus fir as na Tíortha is Lú Forbairt ábalta páirt a ghlacadh san idirbheartaíocht dhomhanda faoin athrú aeráide.

Chomh maith leis sin, thacaigh Éire le Máire Mhic Róibín, iar-Uachtarán na hÉireann, ina ról ar Thoscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide. Tugadh tacaíocht don Chomhaontas Domhanda um Thalmhaíocht Aeráid-Chliste freisin. Cuireann an comhaontas sin le baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ach aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le slándáil bhia agus leis an aeráid.

Leanann Cúnamh Éireann ar aghaidh ag cur tacaíocht mhaoiniúcháin ar fáil do rialtais agus go háirithe do phobail i bPríomh-Thíortha Comhpháirtíochta Chúnamh Éireann le go mbeadh siad níos ullmhaithe don drochthionchar a bheadh ag an athrú aeráide. Áirítear na nithe seo le tosaíochtaí le haghaidh cúnaimh: oiriúnú talmhaíochta don aeráid, bainistíocht acmhainní nádúrtha, agrafhoraoiseacht, cosaint shóisialta agus bainistíocht uisce.

www.irishaid.ie/what-we-do/our-priority-areas/environment-and-climate-change/

## 4. Trádáil agus Fás Eacnamaíoch

Oibríonn Cúnamh Éireann chun dul chun cinn a dhéanamh ar fhoirmeacha d'fhás geilleagrach inbhuanaithe a théann chun tairbhe do na boicht. Áirítear leis an obair sin a chinntiú go bhfuil margaí ag gnóthais agus ag feirmeacha, go bhfuil ioncam imleor ag teaghlaigh agus go bhfuil slí mhaireachtála fhónta ag teaghlaigh.

Rud tábhachtach a spreagann fás geilleagrach cuimsitheach is ea fás sa talmhaíocht. I bPríomh-Thíortha Comhpháirtíochta Chúnamh Éireann, tá an chuid is mó de dhaoine bochta ina gcónaí i gceantair thuaithe nó i gceantair pheirea-uirbeacha agus braitheann siad ar tháirgeadh talmhaíochta mar phríomhfhoinse dá gníomhaíocht gheilleagrach. In 2014, dhírigh rannpháirtíocht na hÉireann ar chabhair a thabhairt d'fheirmeoirí beagthalún a gcuid barr agus beostoic a fhorbairt agus ar chabhrú leo rochtain a

fháil ar na margaí a mbraitheann siad orthu.

Leanadh den chomhpháirtíocht leis an nGrúpa Comhairleach um Thaighde Idirnáisiúnta Talmhaíochta (CGIAR) in 2014. Rinne Cúnamh Éireann, i gcomhar le Teagasc, ionadaíocht d'Éireann agus d'éirigh sé ina bhall de Chomhairle Ciste na heagraíochta.

Comhpháirt thábhachtach de chlár Chúnamh Éireann anois is ea cosaint shóisialta, rud atá ina mhodh éifeachtach chun ioncam teaghlaigh agus an geilleagar áitiúil a neartú. Is ag an-chuid dár bPríomh-Thíortha Comhpháirtíochta atá cláir chosanta sóisialta ar chuir Cúnamh Éireann lena mbunú agus a leanann sí ar aghaidh ag tacú leo. In 2014, chuir Éire maoiniú ar fáil do "Building National Floors of Social Protection in Eastern and Southern Africa" ("Leibhéil Náisiúnta Chosanta Sóisialta a Fhorbairt in Oirthear agus i nDeisceart na hAfraice"), ar thionscadal réigiúnach de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair é. Baineann an tionscnamh sin leas as saineolas idirnáisiúnta agus réigiúnach chun cur le cláir bhunúsacha chosanta sóisialta sa tSaimbia, sa Mhaláiv agus i Mósaimbíc.

Lean Éire ar aghaidh ag cur tacaíochta ar fáil do chláir 'cúnamh ar son na trádála' faoin Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO). Cabhraíonn sé sin le tíortha i mbéal forbartha an rochtain atá acu ar mhargaí a fheabhsú agus a gcumas idirbheartaíochta trádála náisiúnta a bhreisiú.

Ina theannta sin, lean Éire dá comhpháirtíocht le Líonra Cóirthrádála na hÉireann in 2014 i dtaca lena chlár trádála córa eiticiúla san Afraic Thoir. Féachann an clár le táirgiúlacht agus cáilíocht na dtáirgeoirí caife beagthalún sa Chéinia, in Uganda, sa Tansáin agus san Aetóip a fheabhsú.

www.irishaid.ie/what-we-do/our-priority-areas/trade-and-economic-growth/

## 5. Seirbhísí Riachtanacha

Sa Chreat le haghaidh Gníomhaíochta, déanann Cúnamh Éireann cur chun cinn ar chur chuige níos comhleanúnaí níos comhtháití maidir leis an gcur ar fáil seirbhísí riachtanacha ina chlár cúnaimh. Tosaíochtaí de chuid chlár Chúnamh Éireann le tamall maith anuas iad seirbhísí riachtanacha amhail Oideachas, Sláinte, cóireáil VEID/SEIF, Uisce agus Sláintíocht agus Cosaint Shóisialta. Sa chur chuige nua sin, aithnítear na nascachtaí ar fud na réimsí téamacha sin. Tá sé chomh tábhachtach céanna ó thaobh córais sláinte, córais oideachais agus córais choimirce sóisialaí de feabhas a chur ar chórais acmhainní daonna, córais chuntasachta níos láidre a fhorbairt idir soláthraithe seirbhísí agus saoránaigh, agus córais sonraí a neartú. Tá sé tábhachtach freisin a aithint gur ceart an duine é rochtain ar sheirbhísí riachtanacha agus go mbíonn caighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil chomh tábhachtach leis an rochtain ar an tseirbhís féin.

Sa bhliain 2014, lean Éire ar aghaidh ag tacú le cistí domhanda san Oideachas, i Sláinte agus i VEID/SEIF. Tugtar le fios sna tuairiscí is déanaí, mar shampla, go mbíonn rátaí rollaithe i mbunscoileanna ag méadú i dtíortha a fhaigheann tacaíocht ón gComhpháirtíocht Dhomhanda le haghaidh Oideachais agus go dtéann ochtar as gach deichniúr leanaí bunscoile sna tíortha sin ar aghaidh go dtí an meánoideachas. Lean Cúnamh Éireann ar aghaidh ag tacú leis an gCiste Domhanda chun SEIF, Eitinn agus Maláire a Chomhrac sa bhliain 2014. Thosaigh 1.3 milliún duine eile ag fáil cóireála ar SEIF le linn na bliana, rud arb ionann é agus méadú 20%. Fágann sé sin go bhfuil 7.3 milliún duine san iomlán ag fáil cógas anois. Tá Éire ag tacú le blianta fada anuas le Gavi, ar chomhghuaillíocht dhomhanda vacsaíní é. Sa bhliain 2014, d'éirigh le Gavi vacsaíní niúmacocúla a cheannach do thíortha bochta ar phraghas a bhí 90% faoi bhun an phraghais phoiblí sna Stáit Aontaithe.

Bhí an bhéim mhéadaithe atá á chur ag Éirinn ar chórais a fheabhsú, lena n-áirítear d'fhórsa saothair dea-oilte, le feiceáil i gcomhar leanúnach le Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (CRMÉ). Tá oiliúint á chur ar fáil ag CRMÉ chun caighdeán an chúraim mháinliachta riachtanaigh san Afraic a mhéadú.

Léirítear i mbeartas agus i gclárú díriú níos mó ar fheabhas a chur ar cháilíocht seirbhísí riachtanacha trí chur chuige comhtháite i leith Uisce, Sláintíocht agus Sláinteachas. Mar shampla, cuireadh rochtain níos mó ar uisce agus sláintíocht chun cinn le linn na bliana trí thacaíocht le pleananna fobartha náisiúnta, gníomhaíochtaí tathanta agus cláir dhaonnúlacha agus cláir um oiriúnú d'athrú aeráide.

www.irishaid.ie/what-we-do/our-priority-areas/

## 6. Cearta an Duine agus Cuntasacht

Tá obair na hÉireann ar rialachas ag díriú ar an daonlathas, riail an dlí agus cuntasacht a neartú. Sa bhliain 2014, cuireadh tacaíocht ar fáil chun pairlimintí náisiúnta, na hearnála ceartais agus institiúidí maoirseachta a neartú ag an leibhéal tíre.

I Mósaimbíc agus sa Tansáin, mar shampla, bhí Éire ag obair chun maoirseacht pharlaiminte ar bheartais agus próisis fhorbartha a neartú. Lena chois sin thacaigh Éire leis an Ard-Reachtaire Cuntas Ciste i roinnt tíortha agus agus chomh maith leis sin d'oibrigh sí le hEagraíocht Náisiúnta Ard-Institiúidí Iniúchóireachta.Tugadh cúnamh leis, d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar nós Transparency International, d'fhonn trédhearcacht agus cuntasacht níos mó a chur chun cinn.

Faoin Chreat um Ghníomh is ar chearta an duine a bheidh beartas agus clárú de chuid Chabhair Éireann ag díriú níos mó agus féachfar le tabhairt faoi riachtanais na ndaoine is leochailí agus ar na bunchúiseanna leis an mbochtaineacht agus éagothroime. In 2014, lean Éire uirthi ag rannpháirtiú go gníomhach i réiteacha maidir le cearta an duine ag Comhthionól Ginearálta na NA agus thug sí ráitis láidre ag Comhairle na NA um Chearta an Duine.

Trí chomhpháirtíocht le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas tugadh tacaíocht agus cúnamh d›Institiúidí Náisiunta um Chearta an Duine san Afraic, go háirithe sa Mhaláiv agus i Siarra Leon, chun a gcuid cúraimí a chomhlíonadh.

Tá Comhionannas Inscne i gcroílár na pleanála, an chuir i ngníomh agus an mheasúnaithe go léir i gcónaí i gclár Chabhair Éireann.

Bhíothas ag tabhairt faoi fhoréigean inscne-bhunaithe i gcónaí agus é ina phríomhghné d'obair na hÉireann ar chomhionannas inscne in 2014. Lean an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála uirthi ag feidhmiú mar bhall gníomhach de Chuibhreannas na hÉireann um Fhoréigean Inscne-bhunaithe. Tugadh tacaíocht ríthábhachtach leis, d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus rialtais i bPríomhthíortha Comhpháirtíochta de chuid Chabhair Éireann, chun dul i ngleic le cosaint daoine a dhéanann éagóir agus chun dlíthe agus beartais i gcoinne Foréigean Inscne-bhunaithe a fhorbairt agus a chur i ngníomh.

Lean Éire uirthi ag tacú go láidir le clár na mBan um Shíocháin agus Shlándáil. Leagann Plean Gnímh na hÉireann um Mhná, Síocháin agus Slándáil a forbraíodh le cabhair próiseas comhairliúcháin fairsing, béim mhéadaithe ar chumhachtú agus rannpháirtiú ban i bpróisis um réiteach coimhlintí agus tógáil na síochána.

www.irishaid.ie/what-we-do/our-priority-areas/governance/

"Treoraí láidir is ea Éire go hidirnáisiúnta maidir le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban, [agus tá sí] seasmhach ina ról mar thír a leagan síos cláir oibre". (OECD 2014)

## 7. Cúnamh Daonnúil

Is é cúnamh daonnúil an tseachtú réimse tosaíochta um ghníomh sa Chreat. Tacaíonn Éire le gníomh daonnúil atá dírithe ar bheatha a shábháil, ar bhonn an riachtanais le beatha a shábháil, fulaingt a mhaolú agus dínit an duine a chaomhnú le linn iarmhairtí cásanna éigeandála.

Tá gníomh daonnúil na hÉireann bunaithe ar phrionsabail na daonnachta (beatha a shábháil), na neamhchlaontachta (ar bhonn an riachtanais), an neamhspleáchais (gan taobhú le taobh ar leith) agus na neodrachta (neamhspleách ar chuspóirí polaitiúla, eacnamaíochta, míleata ná aon cuspóirí eile).

Tugtar tosaíocht do chúnamh daonnúil na hÉireann do thíortha agus réigiúin ina bhfuil na riachtanais is mó. Leagtar béim ar leith ar inscne agus cosaint agus ar dhíriú ar chásanna éigeandála a bhfuil deamad déanta orthu agus nach bhfaigheann dóthain maoinithe.

Leagann Éire béim ar leith ar tacaíocht a thabhairt d'eagraíochta a léiríonn deachleachtas daonnúil agus a thugann tús áite do chosaint na mban agus cailíní i gcásanna éigeandála.

Agus í ina rannpháirtí gníomhach den AE agus de na NA, tá Éire ag tacú i gcónaí le gníomh daonnúil ar bhonn prionsabail, úsáid cúnaimh dhaonnúil níos éifeachtaí agus meas ar Dhlí Daonnúil Idirnáisiúnta. Tá comhairliú domhanda ar ghníomh daonnúil tionscanta ag Ard-Rúnaí na NA a mbeidh Cuinniú Mullaigh Daonnúil Domhanda in Istanbul in 2016 mar bhuaicphointe air.Tá Éire rannpháirteach go gníomhach i bpróiseas comhairliúcháin ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta chun réitigh éifeachtacha a aimsiú d›fhonn dul i ngleic le castacht agus líon méadaitheach na ngéarchéimeanna daonnachtúla. Mar chuid den bpróiseas tionólfaidh Éire Cruinniú Mullaigh Daonnúil dá cuid féin i mBaile Átha Cliath i mí Iúil 2015.

www.irishaid.ie/what-we-do/responding-to-emergencies/




Máirseálann lucht agóide le linn 16 lá gníomhachtaithe an fheachtais i gcoinne foréigean inscne-bhunaithe, Dar Es Salaam, an Tansáin. Grianghraf: Cúnamh Éireann

# Ag imirt tionchair ar leibhéal tíre


## ÉIRE

**Innéacs um Fhorbairt Daonna:** 11ú as 187 dtír

**Daonra:** 4.6 milliún

**Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine:** $33,414

**Ionchas Saoil:** 80.7 bliain



## AN AETÓIP

Daonra: **94.1 milliún**

Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine: **$1,303**

Rangú IFD na Náisiún Aontaithe 2014: **173 as 187 dtír**

Tír Comhpháirtíochta Tábhachtach ó: **1994**


## AN MHALÁIV

Daonra: **16.4 milliún**

Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine: **$715**

Rangú IFD na Náisiún Aontaithe 2014: **174 as 187 dtír**

Tír Comhpháirtíochta Tábhachtach ó: **2007**



## MÓSAIMBÍC

Daonra: **25.8 milliún**
Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine: **$1,011**
Rangú 2014 ar Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) na NA: **178 as 187 dtír**
Tír Comhpháirtíochta Tábhacht ó: **1996**

## SIARRA LEON

Daonra: **6.1 milliún**
Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine: **$1,815**
Rangú IFD na NA 2014: **183 as 187 dtír**
Tír Comhpháirtíochta Tábhacht ó: **2014**

## AN TANSÁIN

Daonra: **49.3 milliún**
Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine: **$1,702**
Rangú IFD na NA 2014: **159 as 187 dtír**
Tír Comhpháirtíochta Tábhacht ó: **1975**

## UGANDA

Daonra: **37.6 milliún**
Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine: **$1,335**
Rangú IFD na NA 2014: **164 as 187 dtír**
Tír Comhpháirtíochta Tábhachtach ó: **1994**

## VÍTNEAM

Daonra: **91.7 milliún**
Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine: **$4,892**
Rangú IFD na NA 2014: **121 as 187 dtír**
Tír Comhpháirtíochta Tábhachtach ó: **2007**

## AN tSAIMBIA

Daonra: **14.5 milliún**
Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine: **$2,898**
Rangú IFD na NA 2014: **141 amach as 187 dtír**
Tír Comhpháirtíochta Thábhachtach ó: **1980**

## LEOSÓTA

Daonra: **2.1 milliún**
Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine: **$2,798**
Rangú IFD na NA 2014: **162 amach as 187 dtír**
Tír Comhpháirtíochta Thábhachtach ó: **1975**

TÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA TÁBHACHTACHA

# An Aetóip

**Laghdú na bochtaineachta agus athléimneacht a thógáil i measc na bpobal tuaithe is leochailí**

Daonra: **94.1 milliún**
Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine: **$1,303**
Rangú IFD na Náisiún Aontaithe 2014: **173 as 187 dtír**
Tír Comhpháirtíochta Tábhachtach ó: **1994**



**Bhain iomlán de 7328 teaghlach (1,816 bhean agus 5512 fhear) tairbhe as nuálaíochtaí talmhaíochta Aeráide Cliste i réigiún Tigray.**



**Bhain 76,400 feirmeoir tairbhe as rochtain níos fearr ar chineálacha síolta ar ardchaighdeán in dhá réigiún.**



**Tá mortlaíocht máthar laghdaithe 70% ó 1,400 in aghaidh 100,000 breitheanna beo in 1990 go dtí 420 in 2013** (suirbhé a seoladh in 2014).

Rinne cuairt oifigiúil an Uachtaráin Micheál D. Ó hUiginn in 2014 comóradh ar 20 bliain chlár Chúnamh Éireann san Aetóip. Mar chuid den chuairt, thaistil an tUachtarán go Gambella chun cuairt a thabhairt ar champa do dhídeanaithe as an tSúdáin Theas agus go Tigray (chun cuairt a thabhairt ar roinnt tionscadal de chuid Chúnamh Éireann).

Ceadaíodh straitéis nua 5 bliana do thacaíocht na hÉireann don Aetóip a dhíríonn ar chosaint shóisialta, cothú feabhsaithe, go háirithe dóibh siúd faoi 5, cailíní óga agus mná. Díríonn sé freisin ar fheabhas a chur ar sheirbhísí sláinte máithreachais do mhná bochta.

Chuidigh tacaíocht na hÉireann le raon leathan feabhsúchán i saol agus slite maireachtála na ndaoine is boichte san Aetóip in 2014. Ina measc seo bhí: feabhsuithe ithreach agus uisce a chaomhnú ar 230,212 heicteár de thalamh; 30,000 sorn cócaireachta a dháileadh i gceantar Tigray; agus oiliúint a chur ar os cionn 100 eagraíocht na sochaí sibhialta maidir le rochtain ar sheirbhísí bunúsacha do phobail iargúlta a leathnú.

In 2014, thacaigh Éire le treoirthionscadal de chóras aistrithe leictreonaí fón póca d'fhaighteoirí cosanta sóisialta i gceantair thuaithe iargúlta san Aetóip. Déanfaidh an nuálaíocht seo a thug comhlacht Éireannach chomh fada leis an Aetóip an saol níos éasca do na mílte atá ag fáil cosanta sóisialta nach bhfuil aon rochtain acu ar bhaincéireacht ná ar oifig an phoist chun airgead tirm a fháil.

Chuidigh tacaíocht na hÉireann le raon leathan feabhsúchán i saol agus slite maireachtála na ndaoine is boichte san Aetóip in 2014.



CÁS STAIDÉAR



An feirmeoir beag Ato Nunaka Yasin ag cur uisce ar a bharra ar a fheirm i gcúige SNNPR, An Aetóip. Grianghraf: Feirmeoireacht san Afraic (Farm Africa)



Geo-scannán nua plaisteach an fheirmeora bhig Ato Nunaka Yasin. Grianghraf: Feirmeoireacht san Afraic (Farm Africa)

# Cur chuige nuálach i leith na slándála bia

"Seo é an chéad uair a bhfuil bia ag mo chlann an bhliain ar fad. Ní fhaighim aon chabhair níos mó – anois is féidir liom mo chlann a bheathú".

Tá Ato Nunaka Yasin (32) ina chónaí i gcúige SNNPR san Aetóip theas lena bhean chéile agus ceathrar páistí. Tá gabháltas beag talún aige - níos lú ná heicteár amháin agus tá sé ag streachailt i gcónaí chun airgead a shaothrú. Mar gheall ar a laghad báistí a thiteann, ba mhinic nach raibh Nunaka ábalta a dhóthain bia a bhaint as a phíosa talún chun a chlann a bheathú. D'oibrigh sé mar oibrí feirme nuair a bhí sé ábalta an obair a fháil agus fuair sé cúnamh bia agus cairde ó chomharsana.

Trí tionscadal maoinithe ag Cúnamh Éireann - Cur chuigí Nuálacha an Togra Feirmeoireacht san Afraic maidir le Slándáil Bhia - Fuair Nunaka oiliúint agus rochtain ar mhaoiniú trí chumann coigiltis agus iasachta. Tar éis na hoiliúna, thochail sé lochán bainte uisce agus chuir sé geo-scannán plaisteach isteach , caidéal troitheáin agus teicneolaíocht sileán uiscithe chun uisce báistí a bhailiú.

Tá sé anois ábalta réimse glasraí a tháirgeadh (ar nós trátaí, cabáiste, prátaí milse, biatas agus cána siúcra). Úsáideann sé cuid de na glasraí mar bhia don teaghlach, chun cineálacha éagsúla bia a thabhairt dá chlann, agus díolann sé an méid a bhíonn fágtha. Shaothraigh Nunaka níos mó ná 7,000 Birr (beagnach €300) an bhliain seo caite. Leis an ioncam cheannaigh sé grán buí breise le díol nuair a ardóidh na praghsanna.

TÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA TÁBHACHTACHA

# An Mhaláiv

**Cabhrú le feirmeoirí beaga agus pobail shlándáil bia a bhaint amach agus dul i ngleic le hathrú aeráide**

Daonra: **16.4 milliún**
Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine: **$715**
Rangú IFD na Náisiún Aontaithe 2014: **174 as 187 dtír**
Tír Comhpháirtíochta Tábhachtach ó: **2007**

**Athbhreithniú dearfach ar chlár na hÉireann sa Mhaláiv ag Athbhreithniú Piaraí OECD.**

**Trí thionscadail phíolótacha Caomhnú Talmhaíochta, chuir 10,000 feirmeoir 8 dtona méadrach de chrann leasacháin.**

**In 2014 táirgeadh 339,000kg agus 33,200kg iomlán de phiseanna talún agus bun-síolta pis cholúir le tacaíocht ó Chúnamh Éireann.**

Fuair an Mhaláiv, ceann de na Tíortha Comhpháirtíochta Tábhachtacha is déanaí le hÉirinn, a céad chuairt ó cheann stáit na hÉireann in 2014. Thug an tUachtarán Ó hUiginn cuairt ar Thionscadal Chúnamh Éireann, d'fhreastail sé ar féasta stáit a tionóladh ina onóir agus tionóladh cainteanna déthaobhacha le hUachtarán na Maláive Peter Mutharika.

Braitheann thart ar 90% de mhuintir na Maláive ar thalmhaíocht a fhaigheann cothú ón mbáisteach. D'fhág borradh mór a bhí i bhfómhar grán buí agus tobaic in 2014 go raibh bliain mhaith den chuid is mó ag muintir na Maláive ach fós caithfidh an pobal idirnáisiúnta agus Rialtas na Maláive cur leis an bhfómhar le breis cúnamh bia le haghaidh 1.9 milliúin duine.

Tá fócas láidir ar chothú agus ar chabhrú le feirmeoirí beaga déileáil níos fearr le hathrú aeráide ag clár na hÉireann. In 2014, thacaigh Éire le treoirthionscadal nuair a chuir 10,000 feirmeoir cineál crann leasacháin (tephrosia bogelli). Bhí na crainn fo-churtha le grán buí (an príomhbhia naisiúnta). Tá Rialtas na Maláive, Éire agus deontóirí eile ag maíomh gur cheart an cleachtas a thabhairt go scála chun ithreacha agus táirgeacht barr grán buí a fheabhsú.

Mar chuid den Athbhreithniú ar chlár cúnaimh na hÉireann a rinne an ECFE, thug foireann scrúdaitheoirí cuairt ar an Mhaláiv i rith na bliana. Mhol an fhoireann cur chuige na hÉireann maidir le húsáid a bhaint as a cuid cúnaimh sa Mhaláiv mar chatalaíoch chun maoiniú príobháideach a tharraingt. Is sampla é Comhpháirtíocht na hÉireann le hInstitiúid Idirnáisiúnta Taighde na mBarr do Thrópaicí Breacthuir (ICRISAT) trína spreagtar cuideachtaí síl a gcuid síolta a fháil ó shealbhóirí beaga.

Tá fócas láidir ar chothú agus ar chabhrú le feirmeoirí beaga déileáil níos fearr le hathrú aeráide ag clár na hÉireann.



CÁS STAIDÉAR

# Síolta dóchais

"Sula ndeachaigh mé isteach sa chlub iolrúcháin síol pis talún, an t-aon ioncam a bhí agam ná chun oibriú mar oibrí ar fheirm feirmeoirí eile. Bhí an saol an-deacair ag an am sin, ach thug club síl Madebe go leor dóchais dom," a deir sí.

Is máthair aonair í Mary Kumwenda le triúr clainne, aois 13, 9 agus 5.

D'fhág Mary an meánscoil ag 15 bliana déag d'aois de bharr go raibh sí ag iompar a chéad gasúr, agus bhí saol crua aici, ag tógáil triúr gasúr léi féin ar fíorbheagán ioncaim.

Chuaigh Mary isteach sa chlub iolraithe síolta Madede i gceantar Mzimba in 2012. Le cuidiú ón gclub áitiúil, d'fheabhsaigh a saol. Tá sé mar aidhm ag an gclub síl a fhaigheann thacaíocht ó Chúnamh Éireann slándáil bhia a mhéadú agus ioncam teaghlaigh d'fheirmeoirí bochta sa Mhaláiv, trí fheabhas a chur ar tháirgeadh síolta glasraí agus iolrú. Chomh maith le cuidiú le feirmeoirí beaga bheith ag táirgeadh glasraí níos brabúsaí a fhás, tá sé mar aidhm aige táirgeadh talmhaíochta a éagsúlú agus rochtain ar an margadh a mhéadú.

Nuair a chuaigh sí isteach sa chlub, fuair Mary 20kg síol pis talún le haghaidh tuilleadh iolrú síl. Tar éis an chéad fhómhar, dhíol sí 222kg de bhunsíol, ag saothrú MK78,000 (thart ar €159).

An bhliain seo caite, rinne Mary an cinneadh méadú ar a síol pis talún iolrúcháin agus fuair sí 40kg síol. Bhí an t-ádh léi mar thit dóthain báistí. Dhíol sí 690kg den síol talún ag saothrú ioncaim de MK321,000 (thart ar €655) – Ceithre uair an méid a shaothraigh sí an chéad bhliain.

Leis an mbreis ioncaim seo, bhí sí ábalta teach nua a thógáil. A bhuíochas do chlár maoinithe Chúnamh Éireann, is inspioráid í Mary anois do mhná eile atá ag plé leis an bhfeirmeoireacht, mar fheirmeoir fiontraíochta lena dóthain bia dá teaghlach.



Mary Kumwenda as club iolraithe síolta i gceantar Mzimba, an Mhaláiv.
Grianghraf: Cúnamh Éireann

TÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA TÁBHACHTACHA

# Mósaimbíc

**Ag déileáil le tuilte agus feabhas ar thionacht talún le haghaidh slite beatha níos inbhuanaithe.**

Daonra: **25.8 milliún**
Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine: **$1,011**
Rangú 2014 ar Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) na NA: **178 as 187 dtír**
Tír Comhpháirtíochta Tábhacht ó: **1996**



**Mhéadaigh líon na gcailíní in aois 6 a chláraigh ar scoil ó 68.8% in 2010 go dtí 77.4% dar le sonraí na bliana 2014.**




**Tháinig méadú ar líon na dteaghlach atá clúdaithe ag cosaint shóisialta bhunúsach ó 264,511 in 2010 go dtí 433,343 in 2014.**



**Mhéadaigh an líon iomlán daoine a bhí ar chóireáil fhrith-aisvíreasach ó 170,198 in 2009 go dtí 558,308 in 2014.**

Tá IFD íseal ag Mósaimbíc i gcónaí in ainneoin go bhfuil ceann de na geilleagair is mó fáis sa réigiúin aige. Léiríonn sé seo an deacracht dul i ngleic le bochtaineacht atá fréamhaithe go domhain. Tá clár cúnaimh na hÉireann do Mósaimbíc deartha go cúramach chun cabhrú leis na daoine is boichte rochtain a fháil ar na seirbhísí a theastaíonn uathu chun a rannpháirtíocht sa gheilleagar náisiúnta atá ag fás a éascú.

Tá daonra tuaithe Mhósaimbíc i mbaol go mór ag tubaistí nádúrtha. In 2014, de bharr droch thuilte, fuair go leor daoine bás agus chaill siad a mbeostoc, rinneadh damáiste do gnóthaí agus do bhonneagar. Chuidigh tacaíocht na hÉireann le cumas ghníomhaireacht bainistíochta tubaistí an náisiúin freagra a thabhairt. Neartóidh teicneolaíocht nua córais luath-rabhaidh agus freagartha. Chomh maith leis sin, chabhraigh oiliúint agus trealmhú na gCoistí Bainistíochta Tubaiste Áitiúil chun feabhas a chur ar an gcumas atá acu freastal ar riachtanais phráinneacha na bpobal i ndiaidh tuilte.

I gcás cuid mhaith den 80% den daonra atá i mbun talmhaíochta leorchothaithí i Mósaimbíc, níl slándáil tionachta ar an talamh a ndéanann siad feirmeoireacht air. In 2014, leanadh de thacaíocht na hÉireann do chlárú talún agus tá líon na bpobal a bhfuil a talún ailínithe méadaithe ó 51 go 92 agus iad siúd a bhfuil talamh cláraithe go hiomlán acu, chuaigh sé ó 25 go 67. Cuideoidh sé sin le pobail cosaint níos fearr a bheith acu ó ghrabáil talún, beidh siad in ann ceapacha tearcúsáidte a léasú amach, agus úsáid a bhaint as a gcuid talún mar urrús chun rochtain a fháil ar chreidmheas nuair a theastaíonn uathu é a fháil.

Le linn na bliana, chuir Éire béim láidir ar leathnú seirbhísí cosanta sóisialta do na teaghlaigh is boichte. Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2014 chun cumhdach cosanta sóisialta a leathnú go dtí os cionn 433,000 teaghlach.

Mar thoradh ar chomhpháirtíocht leanúnach na hÉireann le Tionscnamh um Rochtain Shláinte Clinton agus tiomantas leanúnach Rialtas Mhósaimbíc seirbhísí VEID agus SEIF a leathnú tá níos mó ná leath mhilliún duine ag fáil cóireáil fhrith-aisvíreasach ón ngalar anois.



CÁS STAIDÉAR



Muintir na háite timpeall ar chaidéal uisce pobail, Mósaimbíc.
Grianghraf: Cúnamh Éireann

# Niassa: Sláinte agus sláinteachas a fheabhsú i scoileanna agus i bpobail áitiúla

Tugann Éireann tacaíocht do Estamos, eagraíocht bheag áitiúil na sochaí sibhialta i dtuaisceart Mósaimbic, a ardaíonn feasacht ar shaincheisteanna sláinte agus sláinteachais agus a dhéanann poiblíocht ar dhea-chleachtais sláinteachais i 14 phobal agus scoil i Majune, cúige Niassa.

In Majune, níl rochtain ach ag leath an daonra ar uisce glan sábháilte. Tá rochtain agus úsáid chuí na n-áiseanna uisce agus sláintíochta óil fíorthábhachtach sa troid in aghaidh galair uisce-iompartha ar nós calair.

I gcomhpháirt le hinstitiúidí rialtais, chabhraigh Estamos foinsí uisce leochaileacha agus leithris a aithint agus a dheisiú i bpobail áitiúla. Chun truailliú le beostoc a sheachaint, tógadh fálta timpeall ar fhoinsí uisce agus tógadh draenacha cuí.

Chun cleachtais sláinteachais na ndaoine a fheabhsú, shocraigh Estamos gníomhaíochtaí cultúrtha agus feasacht a ardú i scoileanna, ionaid sláinte agus institiúidí rialtais.


Baineann mic léinn áitiúla tairbhe anois as soláthar uisce glan ar scoil. Ina theannta sin, tá an pobal ag baint úsáid mhaith as na leithris nua. Anois, ní gá do mhuintir na háite a bheith ag taisteal achar fada chun rochtain a fháil ar uisce óil, tá sláinteachas feabhsaithe agus galair ar nós an chalair laghdaithe. De bharr áiseanna sláintíochta feabhsaithe i scoileanna, tá níos mó cailíní ag fanacht san oideachas. Bua do gach duine!

TÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA TÁBHACHTACHA

# Siarra Leon

## Ag dul i ngleic le dúshlán an Ebola

Daonra: **6.1 milliún**
Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine: **$1,815**
Rangú IFD na NA 2014: **183 as 187 dtír**
Tír Comhphháirtíochta Tábhacht ó: **2014**




**Tá an ráta craptha i Siarra Leon laghdaithe ó 37.4% in 2008 go dtí 28.8% in 2014**



**D'ardaigh an ráta imdhíonta de leanaí idir 12-23 mhí ó 40% in 2008 go dtí 68% in 2014**



**Bhí Éire amach chun tosaigh i measc na ndeontóirí maidir le dóthain bia fholláin a chur ar fáil do theaghlaigh a bhí ar coraintín.**

Bliain dheacair agus dhúshlánach a bhí in 2014 don Tír Comhpháirtíochta Tábhachtach is déanaí le hÉirinn. Ba é Siarra Leon an tír ba mheasa in Iarthar na hAfraice ar bhuail an ráig víreas marfach Ebola í. Thug an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte tuairisc ar 9,446 chás Ebola faoi dheireadh 2014, le 2,758 mbás. Ghlac Rialtas Siarra Leon beart cinntitheach, ag fógairt i mí Iúil Staid Éigeandála inar tugadh isteach réimse beart a chuir srian ar ghluaiseacht saoránach. Cé go raibh na bearta seo riachtanach, bhí tionchur tánaisteach acu ar gheilleagar Siarra Leon, ar an gcóras oideachais agus sláinte, agus ar chumas na n-eagraíochtaí forbartha a gcláir a chur i bhfeidhm, ina measc Éire.

Rinneadh uasghrádú ar mhisean na hÉireann in Freetown le hAmbasáid iomlán i rith na bliana agus bhí ról lárnach ag foireann na hambasáide ar an bhfreagra ar Ebola. Bhí an Ambasáid i gceannas ar iarracht deontóirí chun bia cothaitheach leordhóthanach a chur ar fáil do theaghlaigh coraintín agus thacaigh siad le ceannach otharcharranna éigeandála agus trealaimh le haghaidh ionaid chóireála. Rinneadh imscaradh ar fhoireann pearsanra Óglaigh na hÉireann i mí na Samhna 2014 chun cumas na hAmbasáide a neartú de réir mar a chuaigh an iarracht faoisimh idirnáisiúnta chun treise.

I mí Dheireadh Fómhair, thug an tAire Stáit Seán Sherlock TD cuairt ar Siarra Leon chun an fhreagairt ar an talamh a fheiceáil dó féin. Ba é seo an chéad chuairt ag aire Eorpach ó thosaigh an ráig.

Roimh an ráig Ebola, bhí fianaise ag teacht chun cinn le linn 2014 go bhfuil Siarra Leon ag déanamh dul chun cinn. Thaispeáin dhá shuirbhé thábhachtach, le tacaíocht maoinithe ó Éirinn, feabhas suntasach ar stádas cothaithe naíonán agus méadú mór ar chlúdach seirbhísí sláinte máthar agus leanaí.

Rinneadh uasghrádú ar mhisean na hÉireann in Freetown le hAmbasáid iomlán i rith na bliana agus bhí ról lárnach ag foireann na hambasáide ar an bhfreagra ar Ebola.



CÁS STAIDÉAR

# Otharcharr Ebola



Foireann um éilliú feithicle Ebola, ceantar Portloko, Siarra Leon.
Grianghraf: CAFOD



Oibrí freagartha Ebola i gculaith cosanta colainne, Siarra Leon.
Grianghraf: Cúnamh Éireann

Ag an tráth is measa den eipidéim Ebola i mí Dheireadh Fómhair 2014, aithníodh bainistiú feithiclí cabhlaigh ar nós otharcharranna mar laige sa bhfreagra in aghaidh Ebola. Bhí clár ar bun ag Cúnamh Éireann, cómhaoinithe ag an Ríocht Aontaithe agus ag Stáit Aontaithe Mheiriceá, inar dearnadh díshalú, cothabháil agus breoslú ar flít 100 otharcharr a bhí imscartha ar fud na tíre chun othair a aistriú chuig an ospidéal le haghaidh cúraim a thabharfadh slán iad.

Chur Éire €778,000 i bhfoirm maoinithe ar fáil, agus bhí an clár á rith ag an gcuibhreannas SMART, ina raibh eagraíocht neamh-rialtasach ar nós Fís Dhomhanda agus Seirbhísí Faoisimh do Chaitlicigh.

Chuir Cúnamh Éireann tacaíocht leanúnach ar fáil chun deontóirí, an cuibhreannas SMART agus an tIonad Náisiúnta Freagracht Ebola (NERC) a thabhairt le chéile chun deileáil le saincheisteanna chomh tapaí agus a tháinig siad, chun a chinntiú go raibh an clár á rith go tapa agus go héifeachtach.

Thug Cúnamh Éireann tacaíocht freisin do naisc idir comhpháirtithe agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun a chinntiú go raibh nósanna imeachta dí-éillithe caighdeánacha á gcur i bhfeidhm i gceart chun cosaint othar agus freagróirí líne tosaigh a chinntiú.

Bhain an clár tairbhe freisin as an saineolas pleanála leighis agus loighistic a bhí ag lucht leighis Óglaigh na hÉireann, a bhí ag obair go dlúth le Cúnamh Éireann agus an NERC chun bailchríoch a chur ar raon feidhme an chláir.

TÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA TÁBHACHTACHA


# An Tansáin

## Cothú a fheabhsú, ag cabhrú le leanaí faoi míchumas agus ag cinntiú go bhfeidhmíonn institiúidí maoirseachta go maith


Daonra: **49.3 milliún**
Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine: **$1,702**
Rangú IFD na NA 2014: **159 as 187 dtír**
Tír Comhphháirtíochta Tábhacht ó: **1975**

↓ 6%

**Fuair torthaí ó Shuirbhé Buiséid Teaghlaigh 2011/2012 (SBT) a eisíodh i mí na Samhna 2014, amach gur tharla laghdú 6% ar líon na ndaoine a bhí ag fulaingt ón mbochtaineacht I dtréimhse cúig bliana ó 2007**




**Ó 2010, tá an leitheadúlacht de mhíchothú ainsealach (craptha) laghdaithe ó 42% go dtí 34.7% agus míchothú géar (diomailt) ó 4.9% go 3.8%. Tá an leitheadúlacht éadrom laghdaithe ó 16.2% go 13.4% gar do sprioc SFM 1 na Tansáine (12.5%) a bhaint amach**



**In 2014, d'úsáid 1,178 bhfeirmeoir déiríochta (mná a bhí i 353 díobh) moil bailiúcháin bainne nuabhunaithe chun a gcuid bainne a dhíol agus ioncam a ghiniúint dóibh féin agus dá dteaghlaigh.**

An Tansáin, ceann de Thíortha Comhpháirtíochta Tábhachtacha na hÉireann is faide buan, ar cheann de na daonlathais is cobhsaí agus síochánta san Afraic. Cé go bhfuil an bhochtaineacht fós forleathan, thaispeáin torthaí an tsuirbhé is déanaí go bhfuil feabhas ag teacht ar an tír. Thaispeáin an suirbhé Buiséad Teaghlaigh, a eisíodh i 2014 laghdú 6% ó 2007 ar líon na ndaoine a bhfuil cónaí orthu i mbochtaineacht.

Tugann clár Chúnamh Éireann sa Tansáin tús áite d'fheabhas a chur ar chothú leanaí agus go háirithe laghdú ar chrapadh. In 2014, thug Éire tacaíocht do Rialtas na Tansáine a céad Suirbhé Náisiúnta Cothaithe a dhéanamh. Thaispeáin na torthaí go raibh feabhas suntasach ar chothú bainte amach, ach freisin go raibh rátaí craptha an-ard fós i gcúpla ceantar.

Leis na hidirghabhálacha cearta, is féidir saol leanaí agus daoine fásta faoi mhíchumas san Tansáin a fheabhsú. Tá comhpháirtí na hÉireann, Comprehensive Community Based Rehabilitation (CCBRT), ag soláthar cóireáil athshlánaithe agus cúraim do dhaoine faoi mhíchumas ó 1994. In 2014, rinneadh máinliacht atógálach le haghaidh cásanna de chos chlub agus liopa le tacaíocht ó Éirinn ar 10,000 duine, 724 leanbh san áireamh.

Teastaíonn institiúidí maoirseachta éifeachtacha agus láidir le haghaidh cuntasachta níos fearr. In 2014, thug Éire tacaíocht d'oiliúint parlaiminteoirí ar idirbheartaíocht an bhuiséid náisiúnta. D'úsáid na parlaiminteoirí a scileanna nua le linn an phróisis leithdháilte buiséid 2014/2015 agus ba é an toradh ná leithdháileadh méadaithe do na hearnálacha sóisialta (mar shampla trí leithdháileadh méadaithe le haghaidh drugaí riachtanacha).

> In 2014, thug Éire tacaíocht do Rialtas na Tansáine a céad Suirbhé Náisiúnta Cothaithe a dhéanamh.



CÁS STAIDÉAR



Emmanuel Uggi ag obair ag Scoil Feirmeoirí, Sráidbhaile Ibumila, Barda Mgama, Réigiún Iringa, An Tansáin. Grianghraf: Aliakber Hakimjee / Indigo MTPC Ltd

# Cothú mar Chúram don Teaghlach ar fad

Tá am fómhar tagtha agus tá Emmanuel Uggi ag bailiú glasraí glas-duilleogach atá lán le hiarann tar éis dó iad a fhás i mbaile Ibumila, Ceantar Iringa, an Tansáin. Chuaigh Emmanuel ag an Scoil Feirmeoirí nuair a fuair sé amach go raibh ainéime ag dul dá bhean chéile Anna, a bhí ag iompar clainne. Is éard é ainéime ná ganntanas iarainn san aiste bia agus is rud coitianta é a fhaigheann mná a bhíonn ag iompar clainne sa Tansáin.

Tá Scoileanna Feirmeoirí faoi stiúir feirmeoirí forásacha a mhúineann dá gcomharsana conas réimse éagsúil bia cothaitheach a fhás, ina measc glasraí glasa, atá saibhir in iarann agus cothaithigh riachtanacha eile. Is cuid d'iarracht phobail é seo chun dul i ngleic le tearc-chothú agus a chinntiú go bhfuil rochtain ag teaghlaigh ar aiste bia éagsúil.

Sna scoileanna, foghlaimíonn feirmeoirí conas síológa a chothú, chomh maith le trasphlandú agus conas iad a leasú. D'úsáid Emmanuel an oiliúint chun a chistin gairdín féin a chur ar bun sa mbaile.


I gcomhpháirtíocht le UNICEF, tugann Éire tacaíocht do 25,000 teaghlach i sé cheantar san Tansáin, Ceantar Iringa san áireamh, chun éagsúlacht a dhéanamh ar a dtáirgeadh bia agus chun feabhas a chur ar a gcleachtas cothaithe.

TÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA TÁBHACHTACHA

# Uganda

## Ag laghdú na bochtaineachta i dTuaisceart Uganda agus ag tabhairt tacaíochta d'fheabhsúchán i gcuntasacht ar fud na tíre

Daonra: **37.6 milliún**
Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine: **$1,335**
Rangú IFD na NA 2014: **164 as 187 dtír**
Tír Comhphháirtíochta Tábhachtach ó: **1994**




**Thaispeáin an tuarascáil ar stádas náisiúnta na bochtaineachta, a foilsíodh in 2014 gur tháinig laghdú ó 24.5% go dtí 19.7% ar an ráta náisiúnta bochtaineachta idir 2009 agus 2013.**

**Tá rollú scoileanna náisiúnta anois ag 95% leis an méid céanna cailíní agus buachaillí ag freastal.**

**Cuireadh oiliúint ar 11 oifigeach breithiúnach agus oifigeach ionchúisimh in Éirinn maidir le himscrúdú na héillitheachta agus reachtaíocht fhrithéillitheachta.**

Tá Uganda, Tír Comhphháirtíochta Tábhachtach le hÉirinn atá suite i réigiún Lochanna na hAfraice, ag déanamh dul chun cinn leanúnach in aghaidh bochtaineacht le linn na bliana. Tá líon na ndaoine ag maireachtáil faoi an líne bochtaineacht laghdaithe milliúin ó 2009 in ainneoin fás daonra. Níl rátaí laghdú bochtaineacht cothrom trasna na tíre le na leibhéil bochtaineacht is airde i tuaisceart na tíre.

Lean comhar forbartha na hÉireann in Uganda ar aghaidh in 2014 ag díriú ar na daoine is boichte agus is imeallaithe, go háirithe iad siúd i gceantar thuaidh iargúlta Karamoja. Lean an tacaíocht náisiúnta ar aghaidh ag tacú le feabhas rialachais, seachadadh seirbhisí sóisialta agus leathnú deiseanna eacnamaíochta agus baineadh amach iad trí thacaíocht don tsochaí shibhialta agus do chomhphháirtithe iltaobhacha.

Tá dul chun cinn iontach déanta ag Uganda ó thaobh rollú i scoileanna náisiúnta a leathnú agus anois tá an ráta rollaithe ag 95.3%. Cothroime inscne – nuair a fhreastalaíonn líon cothrom buachaillí agus cailíní, tá sé bainte amach freisin ag an leibhéal bunscoile. Tá rollú sna meánscoileanna fós íseal áfach ag 25.1%. Tá Éire ag obair leis an rialtas áitiúil in Karamoja chun rollú sna meánscoileanna a ardú.

Tá clár leathan ag Éire chun rialachas a fheabhsú in Uganda - tacaíocht don earnáil cheartais mar shampla tá aidhm acu spás seomraí cúirte a leathnú - bac reatha ar ghlanadh an riaráiste cásanna. Léirigh athbhreithniú in 2014 ar an gclár tacaíochta don earnáil cheartais agus dlí a dtacaíonn Éire leis le deontóirí eile go bhfuil an creat beartais agus reachtaíochta feabhsaithe go mór ach go bhfuil dul chun cinn ar urramú chearta an duine agus cuntasacht fós ar gcúl. Léiríonn méadú suntasach ar ualach cásanna an choimisiúin um Chearta an Duine Uganda i rith na bliana go bhfuil mí-úsáid ag tarlú i gcearta an duine, chomh maith leis seo léiríonn sé go bhfuil níos mó muiníne in institiúidí maoirseachta agus níos mó úsáid á bhaint astu.



CÁS STAIDÉAR

Cailíní ó Scoil Rince Karamoja Kangole mar chuid de cheiliúradh na Féile Pádraig ag Ambasáid na hÉireann, Kampala, Uganda. Grianghraf: Cúnamh Éireann



# Ag tacú le hoideachas in Uganda

Ag ceiliúradh na Féile Pádraig ag Ambasáid na hÉireann in Kampala, tá scoláirí méanscoile as Scoil Chailíní Kangole i gceantar Karamoja i dtuaisceart Uganda ag canadh Amhrán na bhFiann. Bhí an t-ádh le 16 scoláire cuireadh a fháil, agus i gcás cuid mhaith díobh, is é seo a gcéad turas ar phríomhchathair Uganda, Kampala. Chomh maith lena gcuid scileanna amhránaíochta agus damhsa a thaispeáint, tá na cailíní anseo chun ómós a thabhairt don tacaíocht a fuair siad ó mhuintir na hÉireann.


Mar gheall ar iarrachtaí mhuintir na hÉireann tá saol na scoláirí agus na múinteoirí ag Scoil Chailíní Kangole athraithe go mór. Mar chuid do chlár oideachais na hÉireann in Karamoja, tá tairbhe á bhaint ag Scoil Chailíní Kangole as seomra ríomhaire atá feistithe amach, saotharlann eolaíochta, leabharlann, agus ceithre sheomra ranga, agus baineann 170 mac léinn leas as clár sparánachta Karamoja na hÉireann. Chomh maith leis sin, fuair múinteoirí oiliúint in eolaíocht agus mata.

TÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA TÁBHACHTACHA

# Vítneam

## Ag tabhairt cúnaimh do phobail ar an imeall rochtain a fháil ar sheirbhisí níos fearr


Daonra: **91.7 milliún**
Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine: **$4,892**
Rangú IFD na NA 2014: **121 as 187 dtír**
Tír Comhpháirtíochta Tábhachtach ó: **2007**




**Tháinig laghdú ar ráta bochtaineachta 64 de na ceantair is boichte i Vítneam ó 58.33% de dhaoine ag maireachtáil i mbochtaineacht in 2010 go dtí 33.2% in 2014. (Tuarascáil ó Rialtas Vítneam)**



**Chuidigh cistí Chúnamh Éireann le scrios 2,681 ordanáis neamhphléasctha ag tabhairt 291,366 m2 de thalamh amach don phobal le haghaidh feirmeoireachta agus gníomhaíochtaí gnó**




**Tháinig laghdú ar ráta craptha leanaí faoi 5 ó 33.9% in 2007 go dtí 24.9% in 2014 (An Institiúid Náisiúnta Cothaithe i Vítneam)**

Is é Vítneam an t-aon Tír Comhpháirtíochta Tábhachtach atá ag Éirinn san Áise, a chlúdaíonn achar nach bhfuil ach ceithre huaire chomh mór le hÉirinn agus ag an am céanna a bhfuil daonra níos mó ná 90 milliúin ann. Tá dul chun cinn iontach déanta ag Vítneam ag dul i ngleic le bochtaineacht. Tá sé measta gur tháinig 28 milliúin duine amach as an mbochtaineacht idir 1992 agus 2012. Ó 2005, tá Éire mar pháirt den rath seo, ní hamháin ag cur maoinithe ar fáil, ach freisin ag roinnt taithí, smaointe agus eolas lenár gcomhghleacaithe i Vítneam.

Tá fócas rannpháirtíochta na hÉireann i Vítneam, ag leanúint ar aghaidh in 2014 ar sheachadadh seirbhísí bunúsacha a neartú agus cosaint shóisialta agus freisin ar dheiseanna a thógáil le haghaidh fás eacnamaíoch cuimsitheach. In 2014, chuir Éire tacaíocht ar fáil do thionscadail bonneagair ar scála beag ina measc 67 scéim tógála le haghaidh dambaí uisciúcháin, droichid bheaga agus taiscumair uisce.

Tá Ambasáid na hÉireann in Hanoi creidiúnaithe leis an gCambóid, Lao PDR agus tá sé creidiúnaithe freisin le Maenmar / Burma ó 2013.

Tá an Chambóid, Lao agus Maenmar ag fulaingt ar bhealaí an-éagsúla forbartha dá chéile agus le Vítneam. Tá an Chambóid, ag déanamh dul chun cinn mall ar laghdú an ráta bochtaineachta, tá sé saofa ag éagothroime ioncaim leanúnach atá le feiceáil leis an daonra tuaithe an-bhocht agus imeallaithe. Tá geilleagar beag Lao PDR ag fulaingt freisin agus níl ag éirí le pobail tuaithe tairbhe as agus tá seirbhísí stáit an-lag. Tá Maenmar ar cheann de na tíortha is boichte ar domhan le táscairí forbartha an-íseal, tá coimhlint ghníomhach ar siúl i roinnt dá réigiún agus tá go leor dúshlán daonnúil i dtodhchaí na tíre.

Tá roinnt tionscadal deartha ag Ambasáid na hÉireann in Hanoi i ngach ceann de na ceithre thír a dhíríonn orthu seo: bánú na mianach talún/ glanadh ordanáis neamhphléasctha; ocras agus cothú, scoláireachtaí spriocdhírithe agus ag obair le heagraíochtaí na sochaí sibhialta.

In 2014, chuidigh tionscadail Chúnamh Éireann chun 179 heicteár talamh ardthosaíochta mianaigh a ghlanadh san Chambóid rud ar bhain 61,420 duine leas as, chuidigh sé le scrios 54,899 ordanáis neamhphléasctha in Lao PDR agus thug sé cúnamh do 160,000 teaghlach bocht i Maenmar éagsúlacht a chur ina n-aiste bia, mar sin ag feabhsú an ábhair chothaithe ina gcuid bia.



CÁS STAIDÉAR

# Ag feabhsú cothú leanaí i gceantar Thanh Hoa

Tá ceann de na rátaí is airde míchothaithe leanaí sa tír i gcomún Bat Mot, i gceantar Thanh Hoa i dtuaisceart Vítneam. Ar nós aon bhean eile in Bat Mot, ní raibh a fhios ag Vi Thi Hong, bean eitneach 23 bliana d'aois as an Téalainn faoin tábhacht atá le beathú cíche.

Rinne sí comhairle daoine níos sine ná í féin a thóg a gcuid leanaí le rís coganta, cácaí traidisiúnta, mil agus uisce luibhe. Mar sin féin, tar éis dul isteach sa ghrúpa tacaíochta beathú naíonán áitiúil atá maoinithe ag Éirinn, thosaigh Hong ag tabhairt bia cíche amháin dá mac ar feadh na chéad sé mhí.

Ba ghearr gur thuig sí gurbh é beathú cíche an bia an fhearr le haghaidh naíonán sláintiúil, agus tá máithreacha eile sa phobal ag déanamh an rud céanna anois.

Tá mac Hong anois os coinn 6 mhí d'aois, ach tá sí fós páirteach i gcruinniú mhíosúil an ghrúpa chun foghlaim faoi theicnící chun béilí comhlántacha a ullmhú.

Léiríonn tuarascálacha as ionad leighis an cheantair in 2014 feabhas suntasach i stádas cothaithe leanaí i gcomún Bat Mot, a bhuíochas don tionscadal seo.



Ullmhaíonn Vi Thi Hong béile sa chomún Bat Mot, ceantar Thuong Xuan, cúige Thanh Hoa, Vítneam. Grianghraf: Cúnamh Éireann

TÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA TÁBHACHTACHA

# An tSaimbia

## An caighdeán oideachais a fheabhsú agus coimirce sóisialta a fhorchéimniú

Daonra: **14.5 milliún**
Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine: **$2,898**
Rangú IFD na NA 2014: **141 amach as 187 dtír**
Tír Comhpháirtíochta Thábhachtach ó: **1980**

**Bogann an tSaimbia ón gcatagóir d'Fhorbairt Dhaonna ó Íseal go Meán**

**Tá an curaclam nua scoile – deartha chun caighdeáin a fheabhsú – forchéimnithe.**

**Líon na dteaghlach a bhfuil mná ina mbun a bhí ag fáil aistrithe d'airgead leasa shóisialaigh méadaithe ó 41,319 in 2012 go 80,632 in 2014.**

Tá ardú céime faighte ag an tSaimbia ó Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe chuig an gcatagóir 'meánfhorbairt dhaonna'. Mar gheall ar infheistíocht leanúnach in oideachas agus i sláinte agus i mbearta laghdaithe na bochtaineachta, le cúnamh ó dheontóirí lena n-áirítear Éire, tá méadú 33.9% tagtha ar Innéacs um Fhorbairt Dhaonna na Saimbia idir 1980 agus 2013.

Cé gur éirigh thar cionn leis an tSaimbia na cailíní agus na buachaillí go léir a chur chuig an mbunscoil, tá caighdeán an oideachais fós ar gcúl thíortha eile sa réigiún. Chun dul i ngleic leis sin, thacaigh Éire agus comhpháirtithe deonaithe eile leis an Rialtas chun creat curaclaim nua a fhorbairt agus rinneadh forchéimniú air sin i rith 2014. Sa churaclam nua, ag teacht le dea-chleachtas, tabharfar isteach na teangacha áitiúla aonair mar mheán teagaisc. Táthar chun raon feabhsuithe eile a thabhairt isteach freisin, agus iad ar fad beartaithe chun litearthacht agus uimhearthacht a fheabhsú.

I rith 2014, thacaigh Éire le feabhas na seirbhísí coimirce sóisialaí do na teaghlaigh is boichte agus, faoi dheireadh na bliana bhí os cionn 144,000 teaghlach ag fáil aistrithe airgid shóisialaigh. D'oibrigh Éire go dlúth le UNICEF, le Rialtas na Saimbia agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta chun tacú le bailiú sonraí d'fhonn a chinntiú go mbaineann an dream is boicht leas as agus freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na n-aistrithe ar na teaghlaigh a fhaigheann iad. Mar thoradh ar an iarracht sin tugadh tús áite do theaghlaigh nach bhfuil iontu ach tuismitheoir amháin agus iad sin a bhfuil baill den teaghlach faoi mhíchumas.

Thacaigh Éire le feabhas na seirbhísí coimirce sóisialaí do na teaghlaigh is boichte agus, faoi dheireadh na bliana bhí os cionn 144,000 teaghlach ag fáil aistrithe airgid shóisialaigh



CÁS STAIDÉAR



An feirmeoir orgánach Ernest Mkala, céime as Ionad Oiliúna Talmhaíochta Kasisi, Lusaka, an tSaimbia. Grianghraf: Cúnamh Éireann

# Ag cur deireadh le droch-chothú le bia a tháirgtear go háitiúil

Tá ceann de na leibhéil is airde droch-chothaithe ar domhan sa tSaimbia, agus droch-chothú ag 40% de leanaí rud a fhágann go bhfuil leibhéal ard báis i measc leanaí faoi cúig bliana.

Mar fhreagairt air sin, chuaigh Éire ag obair i gcomhar le Self Help Africa (SHA) sa chlár Beathú Naíonán agus Leanaí Óga (IYCF) sa Chúige ó Thuaidh, agus é mar sprioc oideachas a chur ar mhuintir na háite chun barra níos cothaithí a tháirgeadh agus a réiteach.

Cuireadh rogha daoine as an bpobal faoi oiliúint chun oideachas a chur ar dhaoine eile faoi bheathú naíonán agus leanaí óga, agus tá teaghlaigh ag fás barr áitiúil cosúil le pónairí soighe, prátaí milse agus piseanna talún. D'fhonn bia a choinneáil i gcomhair a úsáid níos faide amach anseo, tá a fhios ag muintir na háite anois conas bainne a tháirgeadh ó phónairí soighe agus conas im piseanna talún a dhéanamh as piseanna talún.

Bíonn na taispeántais chócaireachta sin ar siúl i dtithe agus i gclinicí sláine, agus iad dírithe ar mhná atá ag iompar clainne agus ar dhaoine a bhfuil leanaí óga acu.

TÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA TÁBHACHTACHA

# Leosóta

## Cistí sláinte a chur ag obair ar mhaithe le sláinte níos fearr

Daonra: **2.1 milliún**
Ioncam Náisiúnta Comhlán in aghaidh an duine: **$2,798**
Rangú IFD na NA 2014: **162 amach as 187 dtír**
Tír Comhpháirtíochta Thábhachtach ó: **1975**

**In 2014 chuir an Rialtas bailchríoch ar straitéis coinneála altraí atá ag obair i bpoist sléibhe iargúlta.**

**Tá cion na ndaoine atá ag maireachtáil ar níos lú ná US$1.00 in aghaidh an lae laghdaithe ó 66.6% in 2000 go dtí 57.1% in 2014.**

**Tá cion na ndaoine a bhfuil rochtain acu ar shláintíocht fheabhsaithe feabhsaithe ó 24% in 2000 go dtí 55% in 2014.**

Is iomaí dúshlán atá le cur de ag Leosóta, ceann de na tíortha comhpháirtíochta is sine atá ag Éirinn, agus na dúshláin sin cosúil leo sin atá san Afraic Theas in aice leo. Tá neamhionannas mór maidir le hioncam agus go leor cásanna VEID agus SEIF i measc na mórdhúshlán atá le sárú ag an Ríocht sléibhe seo. Ina theannta sin, tá cóimheas mortlaíochta i measc máithreacha Leosóta ar cheann de na cinn is measa ar domhan. Dar leis na Náisiúin Aontaithe go bhfaigheann duine as gach 32 bhean bás le linn toirchis nó breith clainne. Tá Éire ag obair i Leosóta le fada an lá anois agus aithníonn sí na srianta móra daingne atá ar dhul chun cinn na sláinte i Leosóta. Ina measc ar ndóigh tá an réigiún sléibhe a chuireann leis an aistear chuig ionad sláinte, an t-ualach a bhaineann leis an líon is airde de chásanna VEID/SEIF ar domhan, agus neamhéifeachtúlachtaí sa chóras a fhágann go ndéantar droch-bhainistíocht ar na hacmhainní atá ar fáil.

In 2014, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar ár gclár fada i Leosóta, inar aithníodh go hiomlán na dúshláin atá le sárú ag Leosóta, socraíodh an Ambasáid in Maseru a dhúnadh agus rannpháirtíocht níos sruthlínithe a bhainistiú ó Ambasáid na hÉireann in Pretoria.

Díreofar san obair nua chomhdhlúite seo le Leosóta ar chórais cúram sláinte a neartú, i gcomhair le Tionscnamh um Rochtain Sláinte Clinton.

In 2014, dhírigh Éire ar thacú leis an Rialtas na hacmhainní go léir atá ar fáil a leagan amach chun dul i ngleic le cúram sláinte agus go háirithe chun VEID agus SEIF a bhrath, a fhaire, a chóireáil agus cúram a dhéanamh dó.

Dhírigh Éire ar thacú leis an Rialtas na hacmhainní go léir atá ar fáil a leagan amach chun dul i ngleic le cúram sláinte agus go háirithe chun VEID agus SEIF a bhrath, a fhaire, a chóireáil agus cúram a dhéanamh dó.





Feirmeoir beag a bhfuil gairdín carraige aige, Leosóta. Grianghraf: Jeff Barbee

TÍORTHA EILE COMHPHÁIRTITHE

# An Phalaistín

**Ag cur feabhais ar cháilíocht an oideachais agus ag cur tacaíocht dhaonnúil ar fáil.**

Daonra: **4.3 milliún**
Rangú IFD na NA 2014: **107 amach as 187 dtír**


Léiríonn clár cúnaimh na hÉireann do mhuintir na Palaistíne ár dtiomantas le fada d'fhorbairt shíochánta stát Palaistíneach inmharthana agus ceannasach.

Ba é an rud ba mhó a tharla in 2014 ná an chogaíocht thromchúiseach a bhris amach i nGaza i mí Iúil agus Lúnasa, an tríú coimhlint mhór a chuir isteach ar an daonra le sé bliana. Chuir an choimhlint a sheas ar feadh seacht seachtaine le cás daonnúil a bhí sách dona cheana féin agus a d'fhág os cionn 2,300 duine marbh. Taifeadadh thart ar 11,000 gortú agus rinneadh damáiste ollmhór don bhonneagar lag, agus os cionn 100,000 teach cónaithe a ndearnadh damáiste dóibh.

Ag tabhairt freagra tobainn ar an ngéarchéim, thug Éire tacaíocht láithreach do Ghníomhaireacht Faoisimh agus Oibreacha na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe na Palaistíne dá nAchainí Phráinneach Éigeandála do Ghaza. Sholáthair an cúnamh sin bia, dídean agus cúnamh leighis a bhí ag teastáil go práinneach do na mílte teaghlach, arbh éigean do líon mór acu a dtithe a fhágáil. Ag an gComhdháil Idirnáisiúnta um Atógáil Ghaza i mí Dheireadh Fómhair 2014, gheall an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Charlie Flanagan TD, €2.5 milliún eile chun íoc as riachtanais dhaonnúla phráinneacha agus chun tacú le hathshlánú fadtéarmach Ghaza.

Le linn 2014, lean an obair le hAireacht Oideachais Údarás na Palaistíne ag díriú ar a chinntiú go bhfaigheann leanaí uile na Palaistíne ardchaighdeán oideachais. Leanadh freisin den tacaíocht do UNRWA ina cuid oibre mar phríomhsholáthraí seirbhísí bunúsacha do 5 mhilliún dídeanaí na Palaistíne san Iordáin, Liobáin, i Siria, sa Bhruach Thiar agus i nGaza. Leanadh freisin den mhaoiniú trí eagraíochtaí na sochaí sibhialta sa Phalaistín agus san Iosrael as obair maidir le ceartas agus cearta an duine.

Léiríonn clár cúnaimh na hÉireann do mhuintir na Palaistíne ár dtiomantas le fada d'fhorbairt shíochánta stát Palaistíneach inmharthana agus ceannasach.





Leanaí scoile agus a múinteoir ag scoil atá maoinithe ag UNRWA, Gaza, An Phalaistín. Grianghraf: Cúnamh Éireann

TÍORTHA EILE COMHPHÁIRTITHE

# An Afraic Theas

## Ag dul i ngleic le saincheisteanna idirghaolmhara VEID/SEIF, Eitinn agus Foréigean Inscne-Bhunaithe

Daonra: **52.8 milliún**
Rangú IFD na NA 2014: **118 amach as 187 dtír**

Tá Éire ag tabhairt cúnamh déthaobhach don Afraic Theas ó 1994 tráth ar tháinig rialtas daonlathach in ionad an chórais apartheid a bhí ann roimhe sin. Cé go bhfuil meath tagtha ar fíor-bhochtaineacht san Afraic Theas, tá éagsúlachtaí suntasacha fós i leibhéil bochtaineachta coibhneasta thar chúigí. Is fadhb fhorleathan é foréigean inscne-bhunaithe agus is bagairtí ollmhóra don fhorbairt fós iad VEID agus SEIF agus an eitinn. Tá an daonra is airde de dhaoine a bhfuil VEID orthu san Afraic Theas, sin 5.7 milliún duine a mhaireann leis an tinneas, uimhir a bhainfeadh stangadh as duine.

Lean tacaíocht na hÉireann in 2014 ag díriú ar dhá cholún. Tacaítear sa chéad cheann ar thacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta in dhá chúige ó Thuaidh (Mpumalanga agus Limpopo) chun dul i ngleic le saincheisteanna idirghaolmhara VEID/SEIF, an eitinn agus Foréigean Inscne-Bhunaithe. Díríodh gníomhaíochtaí i rith 2014 ar an bhfáil atá ar shonraí agus go deimhin ar chaighdeán na sonraí sin a fheabhsú ionas go mbeifear in ann díriú níos fearr ar sheirbhísí agus iad a fhaire agus d'fhonn freisin borradh a chur ar fhor-rochtain chun íospartaigh foréigin a spreagadh chun leas a bhaint as na seirbhísí a thairgtear. Ba léir go ndearnadh dul chun cinn i rith na bliana nuair a d'fhreastail 85% den 245 duine a d'fhulaing ó éigniú ar chomhairleoireacht agus ar thacaíocht iar-thráma eile.

Sholáthair an dara colún de chlár na hÉireann tacaíocht d'os cionn 60 comharchumann agus feirm glasraí á rith ag teaghlaigh i gCúigí Natalacha Limpopo agus KwaZulu. Bhí sé mar aidhm ag an tacaíocht táirgeadh a mhéadú agus rochtain a fháil ar an margadh. In 2014 mar shampla, mhéadaigh an táirgeacht de phuimcíní imchnó d'fheirmeoirí i limistéar tionscadail amháin ó 8 dtona/ha go dtí 15 thona/ha in 2014 díreach de bharr tacaíochta na hÉireann.

Faoi chlár na hEireann, tugtar tacaíocht don oiliúint tríú leibhéal i dtaobh na sláinte, cuireadh oiliúint ar fheirmeoirí agus ar chomharchumainn, agus aimsíodh margaí do tháirgí feirme.



TÍORTHA EILE COMHPHÁIRTITHE

# An tSiombáib

## Cúram Sláinte a chur ar ais ina cheart

Daonra: **14.1 milliún**
Rangú IFD na NA 2014: **156 amach as 187 dtír**

I ndiaidh blianta cruatan eacnamaíochta tá meath mór tagtha ar chaighdeán na seirbhísí riachtanacha sa tSiombáib. Ní chomhlíonfaidh an tSiombáib spriocanna forbartha na mílaoise na tíre a bhaineann le sláinte; mar sin féin taispeántar i suirbhé le déanaí go bhfuil feabhas ag teacht ar chúrsaí.

Lean an tacaíocht le haghaidh Ciste Idirthréimhseach Sláinte i rith na bliana. Déanann an ciste sin, arna riar ag UNICEF, bainistiú ar thacaíocht deontóra le haghaidh seirbhísí máithreachais agus sláinte leanaí. Bhí baint mhór ag tacaíocht na hÉireann le seirbhísí sláinte riachtanacha a fháil ar ais trína chinntiú go bhfuil dóthain dochtúirí agus ban cabhrach in ospidéil dúiche agus i gclinicí faoin tuath, ag soláthar trealaimh le haghaidh cúram cnáimhseachais agus nuabheirthe, ag fóirdheonú costas reatha trí dheontas míosúil d'ospidéil agus do chlinicí, agus ag soláthar cóir leighis agus vacsaíní chun galair agus básanna a chosc i measc leanaí.

Ní hamháin gur sábháladh daoine leis na hidirghabhálacha sin ach chuir siad deireadh freisin ar an meath a bhí ag teacht ar sheirbhísí sláinte máithreachais agus leanaí a bhí ann de bharr na géarchéime sóisialta agus eacnamaíche a bhí sa tír ar feadh blianta fada.

I rith 2014, lean Éire lena cuid tacaíochta do roinnt ENR atá ag obair chun tacú le daoine a bhfuil VEID agus SEIF ag dul dóibh. Tugadh tús áite do thionscadail a dhírigh ar chothú agus ar chosaint shóisialta a thabhairt, mar aon le hoideachas agus tacaíocht do dhílleachtaí óga. Ina theannta sin, maoiníodh saotharlann for-rochtana soghluaiste chun tástáil a dhéanamh ar ualach víreasach daoine atá ionfhabhtaithe le VEID, rud a thug deis do dhaoine go leor cóireáil a n-ionfhabhtú VEID a fhaire agus a fheabhsú.

Bhí baint mhór ag tacaíocht na hÉireann le seirbhísí sláinte riachtanacha a fháil ar ais trína chinntiú go bhfuil dóthain dochtúirí agus ban cabhrach in ospidéil dúiche agus i gclinicí faoin tuath.



TÍORTHA EILE COMHPHÁIRTITHE

# An Libéir

**Ag neartú na seirbhíse sláinte.**

Daonra: **4.3 milliún**
Rangú IFD na NA 2014: **175 amach as 187 dtír**

Déanann an Ambasáid i Siarra Leon bainistiú freisin ar chlár cúnamh fadtéarmach na hÉireann don Libéir. De réir mar ba léir tromchúiseacht ghéarchéim na Libéire, thosaigh Éire ag obair agus thug sí tús áite do thacaíocht, ag díriú ar sholáthar cóireála do dhaoine atá ag fulaingt ó Ebola. Lean sí freisin dá hiarrachtaí seachadadh seirbhísí sláinte náisiúnta a choinneáil.

Ach tá an córas sláinte náisiúnta sa Libéir fós an-lag. Oibríonn Éire, mar aon le líon deontóirí agus ENR eile go dlúth leis an Aireacht Sláinte agus tugann siad cúnamh le chéile bunaithe ar thosaíochtaí a aontaítear gach bliain agus a ndéantar monatóireacht dhlúth orthu. Meastar ó bunaíodh an tsásra tacaíochta deonaithe in 2008, go dtugann córas sláinte poiblí na Libéire seirbhísí cúram sláinte riachtanacha in aisce do cheathrú den daonra iomlán sa Libéir anois. De réir mar a tháinig an ghéarchéim Ebola chun treise úsáideadh comhthacaíocht don chóras sláinte chun borradh a chur faoin bhfreagairt náisiúnta agus cuidiú leis an earnáil dul i ngleic le huafás an Ebola.

Chuidigh maoiniú Chúnamh Éireann freisin leis an gCór Liachta Idirnáisiúnta líon na leapacha atá ar fáil chun cóireáil a chur ar othair ag a Aonad Cóireála Ebola in Bong County a mhéadú agus thacaigh sé freisin le soláthar dhá otharcharr ar a bhfuil trealamh speisialta chun othair Ebola a iompar. Faoin am ar dearbhaíodh go hoifigiúil go raibh deireadh leis an ráig Ebola sa Libéir an 9 Bealtaine 2015, bhí 78 nduine scaoilte amach as an áis in Bong County.

D'fhonn slándáil agus cobhsaíocht a atreisiú, thacaigh Cúnamh Éireann freisin le hoiliúint ghairmiúil Fhórsa Póilíneachta Náisiúnta na Libéire.

Chuidigh maoiniú Chúnamh Éireann freisin leis an gCór Liachta Idirnáisiúnta líon na leapacha atá ar fáil chun cóireáil a chur ar othair ag a Aonad Cóireála Ebola in Bong County a mhéadú

# Cuntasacht agus Trédhearcacht




Tugann oifigeach as Transparency International Kenya míniú ar an tseirbhís "Uwajibikaji pamoja", a chuireann ar chumas an phobail gearáin nó aiseolas a chur isteach maidir le cúnamh agus seachadadh seirbhíse. Grianghraf: Kelley Lynch / Transparency International Kenya

Tá clár na hÉireann um chúnamh do thíortha thar lear faoi réir monatóireachta leanúnacha inmheánaí agus seachtraí. Déanann saineolaithe neamhspleácha agus Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála araon iniúchadh agus meastóireachtaí go rialta.

Tá meastóireachtaí dírithe ar oiriúnacht agus éifeachtacht roghanna straitéiseacha an chláir agus na gcomhpháirtíochtaí um chur i ngníomh. De bhreis ar ceachtanna luachmhara a thabhairt a nglactar leo nuair a chumtar cláir agus tograí amach anseo, is slí thábhachtach iad meastóireachtaí tíre chun cuntasacht a léiriú do phobal na hÉireann agus do thíortha comhpháirtíochta agus comhpháirtíochtaí um chur i ngníomh eile, araon.

Rud tábhachtach faoi seo is ea gur cabhair iad na measúnachtaí ar chláir tíre chun treoir a thabhairt nuair a bheidh cinntí straitéiseacha á ndéanamh amach anseo, is gnách go ndéantar na measúnachtaí i dtreo dheireadh gach sraith straitéisé a chuimsíonn tréimhse chur chun feidhme 4-5 bliana de ghnáth. Críochnaíodh na measúnachtaí ar chláir tíre Chúnamh Éireann i Siarra Leon agus i dTíomór Thoir in 2014.

Chomh maith lena bheith freagrach don Oireachtas, tá caiteachas Chúnamh Éireann faoi réir grinnscrúdú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Coiste Iniúchóireachta neamhspleách na Roinne.

Bíonn gá ag tíortha is tairbhithe, gníomhaireachtaí agus saoránaigh le faisnéis mhionsonraithe le go mbeidh siad in ann a chéile a thabhairt chun cuntais maidir le cistí na ndeontóirí. Mórán ar an gcaoi céanna ina bhfuil cé de cheart ag muintir na hÉireann mionsonraí sonracha a bheith acu faoin tslí ina n-úsáidtear cúnamh forbartha ó Éirinn. Cuid thábhachtach dá bhrí sin de chúram na hÉireann is ea a tiomantas go gcabhróidh sí leis an trédhearcacht a chur chun cinn.

Le linn 2014 d'fhoilsigh Éire ar a suíomh gréasáin, sonraí mionsonracha buiséid agus caiteachais don bhliain 2013 i bhformáid sonraí loma inrochtana - i gcomhréir le dea-chleachtas. Mar thoradh air sin, ardaíodh rangú na hÉireann ar an Innéacs Trédhearcacht Cúnaimh (cuir isteach tagairt do thuarascáil nó do shuíomh gréasáin). Athdhaingníonn beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiunta, Domhain Amháin Todhchaí Amháin, go bhfuil sé i gceist aici leanúint den obair seo le go mbeidh feabhas ann in 2015.

http://ati.publishwhatyoufund.org/

# NGO Partners

**25%**

**I réigiún Ghuine Bissau tháinig méadú de 25% faoi dheireadh 2014 ar líon na gcailíní a chríochnaíonn a gcuid oideachais bunscoile de bharr clár comhpháirtíochta Chúnamh Éireann le Plean Éireann, clár a oibríonn ar rochtain chailíní imeallaithe ar an oideachas agus caighdeán an oideachais sin a fheabhsú.**

**94%**

**Mar thoradh ar chlár Concern Worldwide, a oibrítear i gcomhpháirtíocht le Cúnamh Éireann, tháinig méadú ó 34% go 94% ar líon na leanaí a díríodh orthu in 2014 a itheann dhá bhéile nó níos mó.**

Tugann Cúnamh Éireann tacaíocht do chomhpháirtithe ENR cláir forbartha fhadtéarmacha a chur chun feidhme i réimsí maille: sláinte, oideachas, rialachas, cothú, slí bheatha, talmhaíocht, coimirce shóisialta agus cearta an duine chomh maith le cúnamh daonnúil a thabhairt i gcás éigeandála.

Aithnítear go hidirnáisiúnta an tacaíocht a thugann Éire don earnáil ENR, agus cuireann sí cion níos mó dá cúnamh oifigiúil forbartha tríd na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha ná mar a chuireann formhór na mórdheontóirí eile. Déantar é seo toisc go n-aithnítear cumas ar leith eagraíochtaí na sochaí sóisialta cúnamh a sheacadadh dóibh siúd is mó gá. Moladh Éire san athbhreithniú piaraí a rinne Coiste um Chúnamh Forbartha na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) as acmhainní suntasacha a infheistiú lena chinntiú go dtacaíonn a beartais, a huirlisí agus a cur chuige maidir le comhpháirtíocht le heagraíochtaí na sochaí sibhialta le cúnamh d'ardcháilíocht a sheacadadh.

In 2014 neartaigh Cúnamh Éireann a chomhpháirtíocht le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus lean sé de bhéim leanúnach a leagan ar chur chuige atá dírithe ar thorthaí, lena ndáiltear maoiniú ar bhonn an athraithe fhadtéarmaigh, inbhuanaithe atá déanta ag na heagraíochtaí sin do dhaoine bochta leochaileacha. Tugadh aird in athbhreithniú piaraí an Choiste go bhfuil bonn láidir faoi chomhaontuithe comhpháirtíochta Chúnamh Éireann ag éirí as an bhfócas sin atá bunaithe ar thorthaí, lena n-áirítear anailís ar chumas na ENR cuspóirí a bhaint amach. Feabhsaíonn sé seo cáilíocht obair forbartha na ENR, freagracht do thairbhithe agus do cháiníocóirí na hÉireann agus cuireann sé le trédhearcacht chritéir mhaoinithe Chúnamh Éireann.

Chabhraigh ár gcomhpháirtíocht le Dóchas - brateagraíocht d'eagraíochtaí idirnáisiúnta forbartha in Éirinn - le hacmhainneacht san earnáil a ardú, tríd, i measc rudaí eile, an gcur chuige bunaithe ar thorthaí a fheabhsú.

I gcaitheamh 2014 tháinig feabhas ar chothú agus ar fholláine leanaí an Bhurúin agus méadú ar rochtain cailíní ar an oideachas i nGuine Bissau agus cáilíocht an oideachais sin, de bharr comhpháirtíochtaí Chúnamh Éireann le Concern agus Plean Éireann.



Mukamba Nangana atá 12 bhliain d'aois ag ullmhú béile don teaghlach i sráidbhaile Nambinji, an tSaimbia. Grianghraf: Concern Worldwide

CÁS STAIDÉAR



Catherine Enow as Wabane lena teaghlach agus a múinteoir ag scoil Mokundange, Limbe II, Réigiún an Iardheiscirt, Camarún. Grianghraf: Sightsavers

# Ag cuidiú le daltaí dalla i gCamarún oideachas a fháil


Tá Catherine Enow dall agus tá cónaí uirthi in Wabane i gCamarún. Agus í ina cónaí i bpobal iargúlta nach bhfuil ach an beagán feasachta ann ar fhéidearachtaí oideachais do leanaí dalla, ní raibh an deis aici riamh freastal ar scoil.

D’aithin an t-oibrí sóisialta don cheantar, le tacaíocht ón ENR Sightsavers agus ó Chúnamh Éireann, Catherine agus beirt dá deartháireacha, John agus Gratitude, atá dall freisin. Bhí John agus Gratitude curtha go dtí an scoil ag a dtuismitheoirí ach ní Catherine toisc í a bheith á ullmhú acu lena pósadh.

Tar éis comhairleoireachta, lenar thacaigh Sightsavers, bheartaigh muintir Catherine nach leanfaidís ar aghaidh leis na socruithe pósta agus sheol siad lán an triúir de na leanaí go dtí an scoil. Cláraíodh iad i mbunscoil Likoka Membea in Buea, mar a bhfuil múinteoirí atá oilte i dtacaíocht a thabhairt do leanaí dalla sa seomra ranga. Don chéad uair tá oideachas á fháil ag Catherine agus tá sí féin agus a deartháireacha ag foghlaim i dteannta a gcomhpháirtithe.

Tá cinniúint i bhfad níos fearr amach roimpi ag Catherine anois mar ghnáthbhall dá sochaí. In Wabane, chomhoibrigh dhá theaghlach eile le Sightsavers lena dtriúr leanaí dhalla a chlárú ar scoil.

# Tacú le Comhpháirtithe Iltaobhacha



## Comhpháirtíochaí Iltaobhacha

Tá gá le freagraí domhanda chomh maith le freagraí áitiúla le dul i ngleic le hocras domhanda, bochtaineacht, neamhionannas agus athrú aeráide. Aithníonn Éire an tábhacht atá le guth láidir i gcomhpháirtíochtaí iltaobhacha ag a bhfuil tionchar, maille na Náisiúin Aontaithe, an tAontas Eorpach agus an Banc Domhanda. In éineacht le tacaíocht na hÉireann tríd a Príomhthíortha Comhoibríochta agus a compháirtithe ENR, spreagann an pháirtíocht leis na príomheagraíochtaí iltaobhacha athruite níos mó sna tíortha comhpháirtíochta, leathnaíonn sé ar ár dteagmháil leis na tíortha sin nach bhfuil aon duine ar an talamh againn iontu agus tugann sé guth láidir d'Éirinn maidir leis an gcomhoibriú forbatha a mhúnlú sa todhchaí agus cabhair a thbhairt do thíortha bogadh ar aghaidh ón gcúnamh.

## An tAontas Eorpach

Is é an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát, an soláthraí is mó ar domhan de chúnamh forbartha thar lear agus tugann Éire tacaíocht trí phríomhmheicníocht maoinithe an AE: Ciste Forbraíochta na hEorpa (EDF). Tugann an Ciste tacaíocht do raon leathan clár i dtíortha i mbéal forbartha, lena n-áirítear Príomhthíortha Comhoibríochta Chúnamh Éireann agus tá tosaíochtaí an Chiste ailínithe go dlúth le tosaíochtaí na hÉireann.

## Na Náisiúin Aontaithe

Dáileadh croíthacaíocht na Náisiún Aontaithe in 2014 go príomha ar Chlár Forbraíochta na Náisiún Aontaithe (UNDP), Ciste na Náisiún Aontaithe do Leanaí (UNICEF), Ardchoimisiún na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR), Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibríochtaí (UNWRA) agus Ciste Daonra na Náisiún Aontaithe (UNFPA). Tá tábhacht straitéiseach i gcónaí d'Éirinn le soláthar an croímhaoinithe lenár rannpháirtíocht i struchtúir déanta rialachán agus beartas a chinntiú.

## An Banc Domhanda

Tá cúnamh airgeadais agus teicniúil chun trádáil agus infheistíocht a chur chun cinn thar a bheith tábhachtach go háirithe i ngeilleagair san Afraic atá ag téarnamh i ndiaidh coinbhleachta agus bochtaineachta. In 2014 lean Éire uirthí tacaíocht a thabhairt do bhrainse na hearnála príobháidí den Bhanc Domhanda: an Chorparáid Airgeadais Idirnáisiúnta agus an tionscnamh Stáit faoi Thionchar Coinbhleachta dá chuid. Bhí baint lárnach ag Éirinn le Seirbhísí Chomhairleacha maidir le hÁis Timpeallacht Infheistíochta an Bhainc Dhomhanda a thugann cúnamh do thíortha i mbéal forbartha poist a chruthú agus gníomhaíochtaí nua gnó a spreagadh.

## Clár forbartha iar-2015

Tá iarrachtaí faoi lánseoil chun teacht ar chomhaontú i Meán Fómhair 2015 ar chlár forbartha don tréimhse iar-2015, creat oibre don fhorbairt idirnáisiúnta le cur in ionad Spriocanna Forbartha na Mílaoise. Ag croí an chláir nua beidh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe lena rachfar i ngleic le dúshláin forbraíochta trí ghníomhartha sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha. Beidh an clár nua uilíoch agus cuirfear chun feidhme é i dtíortha íseal, meán agus ardioncaim araon.

I ndiaidh shaothar na hÉireann in 2013, d›éascaigh Éire do chomhaontú ar Choncluidí Chomhairle an AE le linn dár tréimhse Uachtarántachta ar an AE agus chomhéascaíomar d›Imeacht Speisialta na Náisiún Aontaithe ar Spriocanna Forbraíochta na Mílaoise, leanadh den rannpháirtíocht sna hidirbheartaíochtaí seo in 2014. Bhí páirt lárnach ag Éirinn, i gcaitheamh na bliana, i nGrúpa Oibre Oscailte na Náisiún Aontaithe, is é sin an comhlacht a chomhaontaigh moladh le haghaidh spriocanna agus aidhmeanna don tréimhse iar-2015. Tá tosaíochtaí na hÉireann: deireadh a chur leis an ocras agus leis an mbochtaineacht, comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chur chun cinn agus dea-rialú agus forlámhas an dlí a chur cinn go mór le feiceáil sna spriocanna nua seo.

## Aird an phobail ar rannpháirtíocht iltaobhach na hÉireann in 2014

- Rannchuidigh iarrachtaí na hÉireann leis an AE in 2014 le beartais láidre ar cheisteanna lena n-áirítear slándáil bia agus chothaithe, imirce san fhorbairt, an clár oibre forbartha iar-2015 agus chuidigh sí seasamh an AE a chomhordú maidir le dúshláin dhomhanda amhail an comhrac i gcoinne Ebola.
- In 2014, toghadh Éire mar cheann de na ceathrar Leasuachtarán ar an mBord Bainistíochta 36 ball a dhéanann maoirseacht ar an UNFPA agus an UNDP. Áiríodh sna tosaíochtaí don UNFPA in 2014 tacú leis an eagraíocht chun cinntiú go mbeidh áit lárnach ag comhionannas insce agus sláinte mháthartha sa díospóireacht iar-2015.
- Chuir rannpháirtíocht ghníomhach na hÉireann ag na cruinnuithe Bórd Feidhmiúcháin de UNICEF i gcaitheamh 2014 le lárshruthú soiléir inscne i bplean staitéiseach nua UNICEF, agus fócas speisialta ar pháistí a bhfuil cónaí orthu i stáit leochaileacha. Chuaigh an plean seo i bhfeidhm in 2014.
- Bhí Éire i gceannas ar chaibidlíochtaí ar son an AE ar an rún bliantúil ar Forbairt Talmhaíochta, Slándáil Bia agus Cothaithe le linn an dara cruinniú coiste de chuid an Chomhthionóil Ghinearálta.
- Thacaigh Éire go láidir agus go rathúil le sprioc thiomnaithe maidir le hocras, slándáil bia agus cothaithe a áireamh trí rannpháirtíocht leis an gCruinniú Oscailte den Mheitheal de chuid na Náisiún Aontaithe ar na Spriocanna nua maidir le Forbairt Inbhuanaithe.
- D'éirigh le hÉirinn brústocaireacht a dhéanamh ar son tagairtí d'Éiceachórais, bithéagsúlacht, agus slándáil bia agus cothaithe a áireamh sa Chreat Gníomhaíochta agus Fógairt Pholaitiúil don Chomhdháil Dhomhanda Sendai ar Laghdú Rioscaí Tubaiste a comhaontaíodh sa Ghinéiv.

## Aird an Phobail ar rannpháirtíocht na hÉireann in iar-phróiseas 2015

- Bhí baint lárnach ag Éirinn leis an bplé a rinne Grúpa Oibre Oscailte na Náisiún Aontaithe (NA) inar comhaontaíodh togra le haghaidh cuspóirí agus spriocanna i mí Iúil 2014. San fhóram leithleach seo d'oibrigh Éire i bhfoireann in éineacht leis an Danmhairg agus an Iorua.
- Leag Éire amach a príomhthosaíochtaí don chlár oibre nua, lena n-áirítear deireadh a chur leis an ocras agus an bochtaineacht, comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chur chun cinn, agus an dea-rialachas agus riail an dlí a chur chun cinn.
- Leag Éire béim freisin ar an riachtanas atá ann le cearta an duine a ionchorprú sa chreat forbartha nua, an neamhionannas domhanda a laghdú agus ról na sochaí sibhialta a chosaint.
- I mí na Bealtaine 2014, thug Éire tacaíocht do chomhairliúcháin Afracacha le Pobal Idir-Rialtasach na Saineolaithe um Maoiniú Forbartha Inbhuanaithe chun cabhrú le forbairt a dhéanamh ar shuíomh na hAfraice a bheith comhtháite agus eolasach maidir leis na riachtanais airgeadais atá riachtanach chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.
- Rinneadh próifíl idirnáisiúnta na hÉireann maidir le hiar-phróiseas 2015 a neartú tuilleadh nuair a cheap Uachtarán Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ár nIonadaí Buan ar an NA chun an babhta deiridh idirbheartaíochta maidir le hiarchlár forbartha 2015 a chomhéascú in éineacht leis an gCéinia. I mí na Samhna agus i mí na Nollag d'imigh an dá chomhéascaitheoir i gcomhairle leis na ballstáit agus socraíodh comhaontú i dtaca leis na módúlachtaí don idirbheartaíocht idir-rialtasach roimh an gCruinniú Mullaigh i mí Mheán Fómhair 2015 ina nglacfar leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe nua. Is onóir mhór é seo d'Éirinn gur ceapadh í don phríomhról seo atá mar chomhartha buíochais dár gclár cúnaimh thar lear agus don ionchur gníomhach agus cuiditheach a dhéanaimid agus dár gceannaireacht in iar-idirbheartaíocht 2015 go dtí seo.

# Ardoideachais




Scoláire comhaltachta as Vítneam le foireann Chúnamh Éireann agus an tAire um Fhorbairt, Thionscnamh Trádála agus Comhoibriú Thuaidh Theas Seán Sherlock in Oifigí Chúnamh Éireann, Teach Riverstone, Sráid Anraí, Luimneach. Grianghraf: Liam Burke / Press 22

## Clár Oiliúna Comhaltachtaí

Is é an aidhm atá ag an gClár Oiliúna Comhaltachtaí ná inniúlacht na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta inár bPríomhthíortha Comhpháirtíochta a fhorbairt tríd an deis a thabhairt dá bhfostaithe staidéar a dhéanamh in Éirinn.

In 2014, leis an gClár Oiliúna Comhaltachtaí bhí 57 mac léinn as na naoi bPríomhthír Chomhpháirtíochta atá again in ann staidéar iarchéime a dhéanamh in Éirinn agus san Afraic. Tá na comhaltaí atá ann i láthair na huaire ag staidéar sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ionad Staidéar Forbartha Chamaí, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil Luimnigh, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain. Bronnadh 25 scoláireacht bhreise chuig an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar mhic léinn Vítneamacha chun staidéar a dhéanamh sa bhaincéireacht, cúrsaí airgeadais, riarachán gnó agus réimsí eile teicniúla agus tá triúr Vítneamach eile ag staidéar in Ionad Staidéar Forbartha Chamaí, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Bronnadh deich scoláireacht ar mhic léinn iarchéime ón Afraic Theas faoi Chlár Kader Asmal, agus ceann amháin faoi Chomhaltacht Courtney don Bhurúin.

Bronnadh ceithre chomhaltacht ar mhic léinn ó Laos chun staidéar a dhéanamh in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath faoi chlár scoláireachta Lanith. Bronnadh Comhaltacht Metta ar chomhalta ó Mhaenmar chun staidéar a dhéanamh in Ionad Staidéar Forbartha Chamaí.

Go hiondúil filleann céimithe comhaltachta ag obair ina dtíortha nó ina réigiúin thionscnaimh i réimsí tosaíochta de chlár Chúnamh Éireann: cothú, sláinte, oideachas, oiriúnú don athrú aeráide, agus an dea-rialachas.

# Ag dul i mbun Rannpháirtíochta le Muintir na hÉireann






(Ar clé) Mná as Cumann Uganda na hÉireann ag Lá na hAfraice 2014 i dTeach Farmleigh, Baile Átha Cliath. Grianghraf: Conor Mearáin

(Thua) Clinton Liberty (15), Tajudeen Adigun (10), Bobbi Sode (3),Taofeekhat Adigun (8) agus Onai Tafuma (14) ag seoladh Lá na hAfraice 2014 i dTeach Farmleigh, Baile Átha Cliath. Grianghraf: Marc O'Sullivan

## Oideachas Forbartha

San oideachas forbartha déantar iarracht an tuiscint atá ag pobal na hÉireann ar cheisteanna a bhaineann leis an mbochtaineacht agus forbairt dhomhanda a chur chun cinn agus dhoimhniú. Is é ár Straitéis um Oideachas Forbartha (2007-2015) a threoraíonn cur chuige Chúnamh Éireann i dtreo an oideachais fhorbartha.

Baintear úsáid as cur chuige bunaithe ar thorthaí sa mhaoiniú uile um fhorbairt oideachais lena chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as na cistí poiblí chun tuiscint agus feasacht a chur chun cinn maidir leis na dúshláin den fhorbairt idirnáisiúnta.

Is é bunchloch chlár oideachais fhorbartha na hÉireann clár cuimsitheach a chuimsíonn an tacaíocht uile d'iarbhunscoileanna don oideachas forbartha, ar a dtugtar "WorldWise Global School". I rith 2014 bhí an Chéad Chomhdháil den "WorldWise Global School" ar siúl i bPáirc an Chrócaigh. D'éirigh thar cionn leis an gcomhdháil ag a raibh 700 rannpháirtí de mhic léinn agus múinteoirí as 35 iarbhunscoil ar fud na tíre.

Chomh maith leis sin, i rith na bliana, d'fhoilsigh cuibhreanas ENR na treoirlínte le hacmhainní oideachais a fhorbairt a sholáthar faoi threoir '80:20 Educating and Acting for a better world'. Chomh maith leis sin, tugadh tacaíocht do 30 eagraíocht faoi scéim Deontas Bliantúil Oideachais Fhorbartha 2014.

## Na Meáin

Tá ról lárnach ag na meáin chun cur le tuiscint an phobail ar cheisteanna forbartha domhanda agus an fáth a bhfuil siad tábhachtach do mhuintir na hÉireann. Tugann an Preasoifig na Roinne tacaíocht d'obair na meán trí eolas maidir le ceisteanna forbartha agus maidir le hobair Chúnamh Éireann a chur ar fáil. Tá an tacaíocht a thugaimid do Chiste Meán Simon Cumbers dírithe ar chlúdach na meán a éascú ina dtugtar léargas tomhaiste agus réadúil de na dúshláin atá roimh na pobail sa domhan i mbéal forbartha, agus den dul chun cinn atá á bhaint amach.

In 2014, thug Ciste Simon Cumbers tacaíocht do 34 iriseoir chun tuairiscí ó thíortha i mbéal forbartha a chur ar fáil do na meáin chraolta náisiúnta agus áitiúla, na meáin chlóite agus na meáin ar líne in Éirinn. Chomh maith leis sin, thug Cúnamh Éireann tacaíocht do ghradam meán mic léinn de chuid Chiste Simon Cumbers i gcomhpháirtíocht leis an Irish Times, Newstalk agus Storyful. Mar a tharla sna blianta roimhe, Rinne Cúnamh Éireann cómhmhaoiniú ar an sraith teilifíse 'What in the World', a craoladh ar RTÉ i mí na Nollag 2014, agus bhí cláir maidir faoin Súdáin Theas agus Tóga uirthi.

**1,700 LUCHT LEANÚNA BREISE,**

**1 MHILLIÚN TUAIRIM.**

### Twitter Chúnamh Éireann

Tugann cuntas Twitter Chúnamh Éireann bealach tapa agus éasca chun faisnéis a roinnt faoi imeachtaí, cláir agus fógraí maoinithe Chúnamh Éireann. Mhéadaigh ár lucht leanúna ar Twitter in 2014 go dtí 5,000 lucht leanúna, agus beagnach 1,000,000 tuairim ónár gcuid tvuíteanna.

https://twitter.com/irish_aid

**1,650 LUCHT LEANÚNA BREISE,**

**623,000 TUAIRIM**

### Cúnamh Éireann ar Facebook

Tá lucht leanúna dílis ag cuntas Facebook Chúnamh Éireann anois, agus is furasta grianghraif a roinnt air, mar aon le nuashonruithe agus naisc chuig nuacht atá ábhartha do Chúnamh Éireann agus do chúrsaí forbartha. In 2014, dhúbail ár n-uimhreacha go dtí 3,000 lucht leanúna.

https://www.facebook.com/IrishAidCentre

## AG DUL I GCION AR MHUINTIR NA HÉIREANN – CONAS A D'ÉIRIGH LINN É SIN A DHÉANAMH

**401,000 AMHARC AR LEATHANAIGH, 105,000 ÚSÁIDEOIR**

### Suíomh Gréasáin Chúnamh Éireann

Bhí suíomh Gréasáin Chúnamh Éireann fós ina fhoinse tábhachtach faisnéise maidir le clár Chúnamh Éireann, agus thug os cionn 100,000 duine cuairt ar an suíomh i rith 2014.

https://www.irishaid.ie

**10,000 CUAIRT CHUIG SEASTÁIN CHÚNAMH ÉIREANN**

**In 2014, thug os cionn 10,000 duine cuairt ar sheastán faisnéise Chúnamh Éireann ag ár n-imeachtaí ag Taispeántas Eolaithe Óga BT, Lá na hAfraice, ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus ag an Aonach Saorálaíochais Thar Lear.**

### Attendance at Public events

Is gné thábhachtach d'fhor-rochtain phoiblí Chúnamh Éireann iad na himeachtaí poiblí, ina dtugtar deis d'fhoireann Chúnamh Éireann an pobal a chur ar an eolas maidir leis an obair a dhéanann Cúnamh Éireann agus freagraíonn siad aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag an bpobal.



Bobbi Sode (3) ó Bhaile Bhlainséir ag seoladh Lá na hAfraice 2014 i dTeach Farmleigh, Baile Átha Cliath. Grianghraf: Marc O'Sullivan



Mná ag piocadh bananaí, Uganda. Grianghraf: Cúnamh Éireann

# Iarscríbhinní

| | | |
|---|---|---|
| **Iarscríbhinn 1** | Cúnamh Forbartha Oifigiúil (ODA) na hÉireann | **53** |
| **Iarscríbhinn 2** | ODA mar % de GNP: 2000 - 2014 | **54** |
| **Iarscríbhinn 3** | Méideanna ODA 2000-2014 | **54** |
| **Iarscríbhinn 4** | Glan ODA mar chéatadán de GNI - Deontóirí DAC 2014 | **55** |
| **Iarscríbhinn 5** | ODA Iomlán de réir Bealach Seachadta 2014 | **56** |
| **Iarscríbhinn 6** | Anailís de réir Earnála | **57** |
| **Iarscríbhinn 7** | ODA Iomlán ag Cúnamh Módúlacht 2014 | **58** |
| **Iarscríbhinn 8** | Tríocha Barr Tíortha Faighteoir ODA Déthaobhach na hÉireann 2014 | **59** |
| **Iarscríbhinn 9** | ODA Iomlán de réir réigiúin 2014 | **60** |
| **Iarscríbhinn 10** | Maoiniú á bhainistiú ag KPC de réir Earnála | **61** |
| **Iarscríbhinn 11** | Maoiniú d'Eagraíochtaí Iltaobhacha 2014 | **62** |
| **Iarscríbhinn 12** | Maoiniú d'Eagraíochtaí Iltaobhacha 2014 (mionsonraithe) | **63** |
| **Iarscríbhinn 13** | Maoiniú daonnúil de réir Tíre 2014 | **66** |
| **Iarscríbhinn 14** | Maoiniú Daonnúil de réir Bealach Seachadta 2014 | **67** |
| **Iarscríbhinn 15** | Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta a fuair >€50k 2014 | **68** |



Ag tabhairt aire do rís sna páirceanna, cathair Ho Chi Minh, Vítneam. Grianghraf: Cúnamh Éireann


**Iarscríbhinn 1**

# Cúnamh Forbartha Oifigiúil (ODA) na hÉireann

| Cúnamh Forbartha Oifigiúil (ODA) na hÉireann | € Milliúin 2014 | € Milliúin 2013 |
|---|---|---|
| **ODA Iomlán** | | |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27 | 476.29 | 496.70 |
| Ranna Rialtais Eile agus Ranníocaíochtaí le Buiséad Comhoibrithe Forbartha an AE | 138.57 | 140.39 |
| **ODA Iomlán** | 614.86 | 637.10 |
| | | |
| GNP | 158,438 | 137,917 |
| ODA mar % de GNP | 0.39% | 0.46% |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27 mar % den ODA Iomlán | 77% | 78% |
| Ranna Rialtais Eile agus Ranníocaíochtaí le Buiséad Comhoibrithe Forbartha an AE mar % den ODA Iomlán | 23% | 22% |
| | | |
| **Anailís Dhéthaobhach/Iltaobhach** | | |
| **ODA Déthaobhach** | | |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27 | 410.67 | 426.16 |
| Ranna Rialtais Eile agus Ranníocaíochtaí le Buiséad Comhoibrithe Forbartha an AE | 7.16 | 6.60 |
| **ODA Déthaobhach Iomlán** | 417.83 | 432.75 |
| | | |
| **ODA Iltaobhach** | | |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27 | 65.62 | 70.55 |
| Ranna Rialtais Eile agus Ranníocaíochtaí le Buiséad an AE do Chomhar um Fhorbairt | 131.41 | 133.80 |
| **ODA Iltaobhach Iomlán** | 197.03 | 204.34 |
| | | |
| **ODA Iomlán** | 614.86 | 637.10 |
| | | |
| **ODA Déthaobhach mar % den ODA Iomlán** | 68% | 68% |
| | | |
| **ODA Ilthaobhach mar % den ODA Iomlán** | 32% | 32% |

Iarscríbhinn 2


# ODA mar % de GNP: 2000 - 2014




| Bliain | ODA mar % de GNP |
|---|---|
| 2000 | 0.30% |
| 2001 | 0.33% |
| 2002 | 0.41% |
| 2003 | 0.40% |
| 2004 | 0.39% |
| 2005 | 0.43% |
| 2006 | 0.53% |
| 2007 | 0.53% |
| 2008 | 0.59% |
| 2009 | 0.55% |
| 2010 | 0.53% |
| 2011 | 0.50% |
| 2012 | 0.47% |
| 2013 | 0.46% |
| 2014 | 0.39% |

Iarscríbhinn 3


# Méideanna ODA 2000-2014




| Bliain | ODA €m |
|---|---|
| 2000 | 254.86 |
| 2001 | 319.90 |
| 2002 | 422.06 |
| 2003 | 445.71 |
| 2004 | 488.92 |
| 2005 | 578.46 |
| 2006 | 813.96 |
| 2007 | 870.87 |
| 2008 | 920.66 |
| 2009 | 722.20 |
| 2010 | 675.84 |
| 2011 | 657.04 |
| 2012 | 628.90 |
| 2013 | 637.10 |
| 2014 | 614.86 |

**Iarscríbhinn 4**


# Glan ODA mar chéatadán de GNI - Deontóirí DAC 2014




| | ODA mar % de GNI - 2014 |
|---|---|
| An tSualainn | 1.10 |
| Lucsamburg | 1.07 |
| An Iorua | 0.89 |
| An Danmhairg | 0.85 |
| An Ríocht Aontaithe | 0.71 |
| An Ísiltír | 0.64 |
| An Fhionlainn | 0.60 |
| An Eilvéis | 0.49 |
| An Bheilg | 0.45 |
| An Ghearmáin | 0.41 |
| Éire | 0.39 |
| An Fhrainc | 0.36 |
| An Astráil | 0.27 |
| An Nua-Shéalainn | 0.27 |
| An Ostair | 0.26 |
| Ceanada | 0.24 |
| An Íoslainn | 0.21 |
| An tSeapáin | 0.19 |
| An Phortaingéil | 0.19 |
| Na Stáit Aontaithe | 0.19 |
| An Iodáil | 0.16 |
| An Spáinn | 0.14 |
| An Chóiré | 0.13 |
| An tSlóivéin | 0.13 |
| An Ghréig | 0.11 |
| Poblacht na Seice | 0.11 |
| Poblacht na Slóvaice | 0.08 |
| An Phólainn | 0.08 |
| **DAC Iomlán** | **0.29** |

**Iarscríbhinn 5**


# ODA Iomlán de réir Bealach Seachadta 2014




| Bealach | € 000anna | Mar % de ODA Iomlán |
|---|---|---|
| Córais Rialtais i dTíortha Comhpháirtíochta | 75,549 | 12% |
| Eagraíochtaí Neamhrialtasacha | 167,092 | 27% |
| Eagraíochtaí Iltaobhacha | 298,630 | 49% |
| Comhoibriú Tarmligthe | 10,754 | 2% |
| Institiúidí Taighde agus Gníomhairí Bainistíochta | 25,731 | 4% |
| Bealaí Eile | 37,102 | 6% |
| Iomlán | 614,858 | 100% |

**Iarscríbhinn 6**


# Anailís de réir Earnála




| Earnáil | € 000anna | Mar % |
|---|---|---|
| Talmhaíocht | 32,900 | 5% |
| Croíthacaíocht d'Iltaobhaigh | 197,028 | 32% |
| Oideachas | 37,742 | 6% |
| Sláinte, VEID & SEIF | 95,361 | 16% |
| Ilearnáil | 51,358 | 8% |
| Bainistiú agus Riar Clár | 24,873 | 4% |
| Feasacht forbartha a chur chun cinn | 5,519 | 1% |
| Uisce agus Sláinteachas | 4,374 | 1% |
| Cúnamh Daonnúil | 101,608 | 17% |
| Cearta an Duine agus Cuntasacht | 64,095 | 10% |
| Iomlán | 614,858 | 100% |

**Iarscríbhinn 7**

# ODA Iomlán ag Cúnamh Módúlacht 2014




| Módúlacht | € 000anna | Mar % de ODA Iomlán |
|---|---|---|
| Tacaíocht Bhuiséid Ghinearálta | 9,000 | 1% |
| Tacaíocht Lárnach do NGOanna | 100,234 | 16% |
| Tacaíocht Lárnach d'Eagraíochtaí Iltaobhacha | 197,028 | 32% |
| Cistí Chiseán agus Comhthiomsaithe | 132,158 | 22% |
| Cineál tionscadail idirghabhálacha | 138,227 | 23% |
| Riarachán | 24,879 | 4% |
| Módúlachtaí Cúnaimh Eile | 13,332 | 2% |
| Iomlán | 614,858 | 100% |


**Iarscríbhinn 8**

# Tríocha Barr Tíortha Faighteoir ODA Déthaobhach na hÉireann 2014

| Tír Faighteoir | € 000anna |
|---|---|
| Mósaimbíc | 40,150 |
| An Aetóip | 36,198 |
| Uganda | 27,748 |
| An Tansáin | 24,972 |
| An Mhaláiv | 19,431 |
| An tSaimbia | 17,518 |
| Vítneam | 12,666 |
| Siarra Leon | 12,252 |
| An tSúdáin Theas | 9,665 |
| An Chríoch Phalaistíneach faoi Fhorghabháil | 8,680 |
| An tSiria | 7,836 |
| Poblacht Dhaonlathach an Chongó | 7,399 |
| An tSiombáib | 6,639 |
| An Chéinia | 6,501 |
| An Libéir | 6,423 |
| An tSúdáin | 5,944 |
| Poblacht na hAfraice Láir | 5,806 |
| An tSomáil | 5,743 |
| An Afraic Theas | 4,647 |
| An Liobáin | 3,981 |
| Na hOileáin Filipíneacha | 3,433 |
| An India | 2,682 |
| An Afganastáin | 2,535 |
| Ruanda | 2,361 |
| An Nigir | 2,279 |
| Háití | 2,191 |
| Sead | 1,600 |
| Maenmar/ Burma | 1,344 |
| Leosóta | 1,321 |
| An Bhanglaidéis | 1,275 |

**Iarscríbhinn 9**

# ODA Iomlán de réir réigiúin 2014




| | Iomlán i € 000anna | mar % den Iomlán |
|---|---|---|
| An Afraic | 255,907 | 42% |
| An Áise | 27,214 | 4% |
| An Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh | 27,464 | 4% |
| Ní bhaineann le réigiúin faoi leith | 295,175 | 49% |
| Meiriceá Láir & Theas | 9,098 | 1% |
| Iomlán | 614,858 | 100% |


**Iarscríbhinn 10**

# Maoiniú á bhainistiú ag KPC de réir Earnála

| Earnáil | An Aetóip €000anna | Leosóta €000anna | An Mhaláiv €000anna | Mósaimbíc €000anna | Siarra Leon €000anna | An Tansáin €000anna | Uganda €000anna | Vítneam €000anna | An tSaimbia €000anna | Iomlán €000anna |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Talmhaíocht | 3,264 | | 5,222 | 1,854 | | 3,717 | | 270 | 2,420 | 16,747 |
| Oideachas | 4 | | 4 | 6,647 | | 103 | 5,240 | 1,380 | 6,267 | 19,644 |
| Sláinte, VEID & SEIF | 8,458 | 500 | 1,053 | 14,033 | 6,448 | 13,769 | 6,500 | 337 | 2,263 | 53,362 |
| Cearta an Duine & Cuntasacht | 2,777 | 2 | 1,919 | 2,872 | | 2,817 | 3,987 | 5,108 | 1,234 | 20,716 |
| Cúnamh Daonnúil | 11,364 | | 400 | | | | | | | 11,764 |
| Ilearnáil | 914 | 193 | 4,536 | 10,918 | 73 | 289 | 4,886 | 5,149 | 1,493 | 28,451 |
| Uisce agus Sláinteachas | | | | 475 | | | | | | 475 |
| | | | | | | | | | | |
| Bainistiú agus Riar Clár | 1,370 | 548 | 895 | 1,543 | 322 | 1,241 | 1,455 | 1,157 | 881 | 9,413 |
| | | | | | | | | | | |
| Iomlán | 28,151 | 1,243 | 14,029 | 38,343 | 6,842 | 21,936 | 22,068 | 13,402 | 14,559 | 160,572 |

**Iarscríbhinn 11**

# Maoiniú d'Eagraíochtaí Iltaobhacha 2014




| | € 000anna | Mar % |
|---|---|---|
| Na Náisiúin Aontaithe | 125,677 | 42% |
| Institiúidí an AE | 107,690 | 36% |
| Eagraíochtaí Idirnáisiúnta Eile | 30,494 | 10% |
| Grúpa an Bhainc Dhomhanda | 26,469 | 9% |
| Bainc Forbartha Réigiúnaí | 6,683 | 2% |
| An Eagraíocht Dhomhanda Trádála | 1,617 | 1% |
| **Iomlán** | **298,630** | **100%** |

**Iarscríbhinn 12**

# Maoiniú d'Eagraíochtaí Iltaobhacha 2014 (mionsonraithe € 000anna)

| | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil | An Roinn Airgeadais | Sciar na hÉireann de Bhuiséad an AE do Chomhar um Fhorbairt | Ranna Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh (AE)** | | | | | | | |
| Buiséad an AE do Chomhar um Fhorbairt | | | | | 83,911 | | 83,911 |
| Ciste Eorpach Forbraíochta | 23,123 | | | | | | 23,123 |
| An Banc Eorpach Infheistíochta | 656 | | | | | | 656 |
| **Fo-iomlán d'Institiúidí an Aontais Eorpaigh (AE)** | **23,779** | **-** | **-** | **-** | **83,911** | **-** | **107,690** |
| **Eagraíochtaí Idirnáisiúnta Eile** | | | | | | | |
| An Ciste Domhanda chun SEIF, Eitinn agus Maláire a chomhrac An Banc Domhanda | 12,960 | | | | | | 12,960 |
| Ciste CGIAR | 4,200 | | | | | | 4,200 |
| An Chomhpháirtíocht Dhomhanda Oideachais | 3,000 | | | | | | 3,000 |
| An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip | 1,542 | | | | | | 1,542 |
| Ciste Iontaobhais don Áis um Thimpeallacht na Cruinne | | | 1,469 | | | | 1,469 |
| Ionad Prátaí idirnáisiúnta | 1,210 | | | | | | 1,210 |
| An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta | 1,130 | | | | | 80 | 1,210 |
| Comhairle na hEorpa | 1,090 | | | | | | 1,090 |
| An Institiúid Idirnáisiúnta um Thaighde Beostoic | 795 | | | | | | 795 |
| CABI | 700 | | | | | | 700 |
| Ciste Iltaobhach um chur i bhfeidhm Prótacail Montreal | | | 624 | | | | 624 |
| Comhaontas Gavi | 600 | | | | | | 600 |
| An tIonad Éisc Domhanda | 500 | | | | | | 500 |
| Foireann Chomhairleach na hEarnála Slándála Idirnáisiúnta | 200 | | | | | | 200 |
| An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce | 194 | | | | | | 194 |
| Eagraíochtaí Idirnáisiúnta Eile | 200 | - | - | - | - | - | 200 |
| **Fo-iomlán d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta Eile** | **28,321** | **-** | **2,093** | **-** | **-** | **80** | **30,494** |
| **Bainc Forbartha Réigiúnaí** | | | | | | | |
| Banc Forbartha na hÁise | | | | 6,683 | | | 6,683 |
| **Fo-iomlán do Bhainc Forbartha Réigiúnaí** | | | | **6,683** | | | **6,683** |

| | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil | An Roinn Airgeadais | Sciar na hÉireann de Bhuiséad an AE do Chomhar um Fhorbairt | Ranna Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomhaireachtaí agus Cistí na Náisiún Aontaithe** | | | | | | | |
| Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe | 31,600 | | | | | | 31,600 |
| Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe (UNICEF) | 19,992 | | | | | | 19,992 |
| An Clár Domhanda Bia | 4,492 | 9,336 | | | | | 13,828 |
| Ciste Práinnfhreagartha na Náisiún Aontaithe | 10,000 | | | | | | 10,000 |
| Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Theifigh | 9,307 | | | | | | 9,307 |
| Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear | 6,000 | | | | | | 6,000 |
| An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte | 2,650 | | | | | 1,593 | 4,243 |
| Ciste na Náisiún Aontaithe ar mhaithe leis an bPobal | 3,745 | | | | | | 3,745 |
| An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair | 2,500 | | | | | 823 | 3,323 |
| Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta Daonnúla | 2,950 | | | | | | 2,950 |
| Clár Comhpháirteach na Náisiún Aontaithe maidir le VEID/SEIF-UNAIDS | 2,950 | | | | | | 2,950 |
| Eintiteas na Náisiún Aontaithe um Chomhionannas Inscne agus um Chumhachtú na mBan | 2,545 | | | | | | 2,545 |
| Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine | 2,310 | | | | | | 2,310 |
| An Ciste Idirnáisiúnta um Fhorbairt Talmhaíochta | 2,000 | | | | | | 2,000 |
| Na Náisiúin Aontaithe - Neamhshonraithe | 1,850 | | | | | | 1,850 |
| Eagraíocht Bia agus Talamhaíochta na Náisiún Aontaithe | 730 | 1,077 | | | | | 1,807 |
| An Clár Domhanda Bia - An Coinbhinsiún um Chúnamh Bia | | 1,524 | | | | | 1,524 |
| Roinn na bhFeachtas Síochánaíochta sna Náisiúin Aontaithe | 1,440 | | | | | | 1,440 |
| Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe | 352 | | 801 | | | | 1,153 |

| | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil | An Roinn Airgeadais | Sciar na hÉireann de Bhuiséad an AE do Chomhar um Fhorbairt | Ranna Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe | 150 | | | | | 675 | 825 |
| Clár um Shaorálaithe na Náisiún Aontaithe | 475 | | | | | | 475 |
| Eagraíocht Forbartha Tionscail na Náisiún Aontaithe | 368 | | | | | | 368 |
| Straitéis Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe chun Tubaistí a Laghdú | 300 | | | | | | 300 |
| Oifig na Náisiún Aontaithe um Sheirbhísí Tionscadal (UNOPS) | 250 | | | | | | 250 |
| Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt | 250 | | | | | | 250 |
| Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála | 200 | | | | | | 200 |
| Ciste na Náisiún Aontaithe um Phríomhshruthú Chearta an Duine | 100 | | | | | | 100 |
| Na Náisiúin Aontaithe - Neamhshonraithe | 100 | | | | | | 100 |
| Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Afraic | 100 | | | | | | 100 |
| Gníomhaireachtaí Eile na Náisiún Aontaithe | 120 | - | 22 | - | - | - | 142 |
| **Fo-iomlán le haghaidh Ghníomhaireachtaí agus Cistí na Náisiún Aontaithe** | **109,826** | **11,937** | **823** | **-** | **-** | **3,091** | **125,677** |
| **Grúpa an Bhainc Dhomhanda** | | | | | | | |
| An Comhlachas Forbartha Idirnáisiúnta | 1,743 | | | 16,020 | | | 17,763 |
| An Banc Domhanda - Grúpa | 3,695 | | | 2,961 | | | 6,656 |
| An Banc Idirnáisiúnta Athfhoirgníochta agus Forbartha | 1,150 | | | | | | 1,150 |
| Cistí Iontaobhais um Athrú Aeráide an Bhainc Dhomhanda | 900 | | | | | | 900 |
| **Fo-iomlán Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda** | **7,488** | | | **18,981** | | | **26,469** |
| **An Eagraíocht Dhomhanda Trádála** | | | | | | | |
| Lárionad Trádála Idirnáisiúnta | 932 | | | | | | 932 |
| An Eagraíocht Dhomhanda Trádála - Lárionad um Chomhairle Dlí | 350 | | | | | | 350 |
| An Eagraíocht Dhomhanda Trádála | 335 | | | | | | 335 |
| **Fo-iomlán - An Eagraíocht Dhomhanda Trádála** | **1,617** | | | | | | **1,617** |
| **Foriomlán** | **171,031** | **11,937** | **2,915** | **25,665** | **83,911** | **3,171** | **298,630** |


**Iarscríbhinn 13**

# Maoiniú daonnúil de réir Tíre 2014

| Tír | € 000anna |
|---|---|
| An tSiria | 6,921 |
| An tSudáin Theas | 6,800 |
| Poblacht na hAfraice Láir | 5,791 |
| Poblacht Dhaonlathach an Chongó | 5,376 |
| An tSomáil | 4,743 |
| An tSúdáin | 4,417 |
| An Aetóip | 3,503 |
| Na hOileáin Fhilipíneacha | 3,048 |
| An Liobáin | 2,698 |
| An Afganastáin | 1,535 |
| Nígir | 1,344 |
| Críocha na Palaistíne faoi Fhorghabháil | 1,166 |
| Sead | 1,000 |
| An Iordáin | 839 |
| An Iaráic | 669 |
| Mailí | 666 |
| Háítí | 579 |
| An Éigipt | 510 |
| Éimin | 500 |
| Maenmar (Burma) | 464 |
| An tSiombáib | 457 |
| Tíortha Eile | 1,967 |
| An Méanoirthear - Réigiúnach | 2,500 |
| An Afraic - Réigiúnach | 2,060 |
| Cistí Coitianta agus Comhthiomsaithe | 25,709 |
| **Iomlán** | **85,262** |

**Iarscríbhinn 14**

# Maoiniú Daonnúil de réir Bealach Seachadta 2014




| Bealach | € 000anna |
|---|---|
| Eagraíochtaí Neamhrialtasacha | 26,988 |
| Comhchistí Daonnúla | 17,750 |
| Gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe | 12,234 |
| Cumann Idirnáisiúnta na Croise Deirge | 11,750 |
| Lárchiste Freagartha Éigeandála | 10,000 |
| Eile | 6,540 |
| Iomlán | 85,262 |

**Iarscríbhinn 15**

# Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta a fuair >€50k 2014 € 000anna

| Ainm na hEagraíochta | Tacaíocht trí Thíortha Comhpháirtíochta Tábhachtacha | Tacaíocht trí línte buiséid CC | Tacaíocht ó Rannóga Rialtais Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Concern Worldwide | - | 24,226 | - | 24,226 |
| Trócaire | - | 18,208 | - | 18,208 |
| Goal | - | 17,023 | - | 17,023 |
| Misean Cara | - | 16,000 | - | 16,000 |
| Coiste Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge | - | 9,250 | 130 | 9,380 |
| Self Help Africa | 1,855 | 3,303 | - | 5,158 |
| World Vision Ireland | 778 | 4,165 | - | 4,943 |
| Christian Aid Ireland | - | 4,778 | - | 4,778 |
| Plan Ireland | 221 | 4,096 | - | 4,317 |
| Oxfam Éireann | - | 3,855 | - | 3,855 |
| Iontaobhas Halo | 500 | 2,100 | - | 2,600 |
| Cumann Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg | - | 2,500 | - | 2,500 |
| An Chomhairle do Mhic Léinn in Éireann | 945 | 973 | - | 1,918 |
| Ciste Save the Children | 1,782 | - | - | 1,782 |
| Technoserve | 1,710 | - | - | 1,710 |
| Sight Savers (Éire) | - | 1,544 | - | 1,544 |
| Concern Universal | 1,503 | - | - | 1,503 |
| Care International | 1,300 | - | - | 1,300 |
| Médicins Sans Frontiéres | - | 1,297 | - | 1,297 |
| Cór Liachta Idirnáisiúnta an Ríocht Aontaithe | 1,164 | - | - | 1,164 |
| International Rescue Committee | 100 | 1,000 | - | 1,100 |
| Sos Sahel na hAetóipe | 950 | - | - | 950 |
| Action Aid | - | 861 | - | 861 |
| FAWE Uganda | 843 | - | - | 843 |
| Tilitonse | 820 | - | - | 820 |
| FHI Solutions | - | 816 | - | 816 |
| Tionscnamh Rochtana Sláinte Clinton | 750 | - | - | 750 |
| Athshlánú Cuimsitheach Bunaithe sa Phobal | 702 | - | - | 702 |
| VSO Ireland | - | 682 | - | 682 |
| Traidlinks | 650 | - | - | 650 |
| The Micronutrient Initiative | 615 | - | - | 615 |
| Helpage International | - | 615 | - | 615 |
| Childfund Ireland | - | 607 | - | 607 |
| Farm Radio International | - | 600 | - | 600 |
| Fondúireacht VEID/SEIF Benjamin Mkapa (BMAF) - An Tansáin | 600 | - | - | 600 |
| Irish Fair Trade Network | - | 600 | - | 600 |
| Children in Crossfire | - | 546 | - | 546 |
| Aidlink | - | 538 | - | 538 |
| SNV Tanzania | 500 | - | - | 500 |
| Front Line | - | 495 | - | 495 |
| Comhlámh | - | 487 | - | 487 |
| Sonke Gender Justice Network | 485 | - | - | 485 |

| Ainm na hEagraíochta | Tacaíocht trí Thíortha Comhpháirtíochta Tábhachtacha | Tacaíocht trí línte buiséid CC | Tacaíocht ó Rannóga Rialtais Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Fondúireacht Helen Keller | 453 | - | - | 453 |
| Save the Children | 435 | - | - | 435 |
| Tearfund Ireland | - | 430 | - | 430 |
| Hivos | 415 | - | - | 415 |
| The Centre for Counselling Nutrition & Health Care | 400 | - | - | 400 |
| Sikika | 400 | - | - | 400 |
| Camfed International | 280 | 100 | - | 380 |
| Vita | - | 350 | - | 350 |
| Habitat for Humanity Ireland | - | 344 | - | 344 |
| Associacao Progresso | 340 | - | - | 340 |
| Uganda Women's Network | 305 | - | - | 305 |
| Transparency International | 100 | 200 | - | 300 |
| Mviwata | 300 | - | - | 300 |
| AMREF | 300 | - | - | 300 |
| The Alliance of Mayors and Municipal Leaders - Hiv | 300 | - | - | 300 |
| Fondúireacht SEIF na hAfraice Theas | 300 | - | - | 300 |
| MAG - Vietnam | 300 | - | - | 300 |
| Serve in Solidarity Ireland | - | 285 | - | 285 |
| Dóchas | - | 277 | - | 277 |
| Centre For Domestic Violence | 272 | - | - | 272 |
| Cumann Soiscéalach na Maláive | 270 | - | - | 270 |
| National Smallholder Farmers - Malawi | 262 | - | - | 262 |
| Haki Elimu | 250 | - | - | 250 |
| Inst.Estu.Sociais E Economicos | 250 | - | - | 250 |
| St.Simon Peter Vocational Training Centre | 250 | - | - | 250 |
| Oxfam GB | 237 | - | - | 237 |
| Cumann na hÉireann um an Oideachas Forbartha | - | 230 | - | 230 |
| Suas Educational Development | - | 220 | - | 220 |
| Gorta | - | 200 | 14 | 214 |
| Cuibhreannas SEIF | 206 | - | - | 206 |
| Straight Talk Foundation | 200 | - | - | 200 |
| Kivulini Women's Rights Organisation | 200 | - | - | 200 |
| Misa Zambia | 200 | - | - | 200 |
| Farm Africa | 200 | - | - | 200 |
| The Minority Rights Group | - | 200 | - | 200 |
| Bóthar | - | 200 | - | 200 |
| CHOICE | 200 | - | - | 200 |
| International Crisis Group | - | 200 | - | 200 |
| An tArdán um Choimirce Sóisialta | 200 | - | - | 200 |
| The Carter Centre | - | 200 | - | 200 |
| We Effect (‘Lárionad Comhpháirtíochta na Sualainne’ an leagan foirmiúil) | 200 | - | - | 200 |

**Iarscríbhinn 15**

# Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta a fuair ≥€50k 2014 € 000anna

| Ainm na hEagraíochta | Tacaíocht trí Thíortha Comhpháirtíochta Tábhachtacha | Tacaíocht trí línte buiséid CC | Tacaíocht ó Rannóga Rialtais Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Health Poverty Action | - | 197 | - | 197 |
| Raising Voices | - | 190 | - | 190 |
| Anti-Slavery International | - | 185 | - | 185 |
| A-Z Children's Charity | - | 180 | - | 180 |
| Ndeke Primary School | 175 | - | - | 175 |
| Apheda Vietnam | 160 | - | - | 160 |
| Irish Forum for Global Health | - | 160 | - | 160 |
| Gorongosa National Park | 155 | - | - | 155 |
| Water Aid | - | 151 | - | 151 |
| War on Want Northern Ireland | - | 150 | - | 150 |
| Ecpat International | - | 150 | - | 150 |
| Value Added in Africa | - | 150 | - | 150 |
| Friends Of Londiani | - | 150 | - | 150 |
| Aids Partnership with Africa | - | 150 | - | 150 |
| CDI Vietnam | 140 | - | - | 140 |
| International Service for Human Rights | - | 125 | - | 125 |
| ISEE  Vietnam | 125 | - | - | 125 |
| Zambia Open Community Schools | 125 | - | - | 125 |
| CBOS Inhambane | 124 | - | - | 124 |
| International Relief Development in Mozambique | 123 | - | - | 123 |
| The Asia Foundation Vietnam | 120 | - | - | 120 |
| MSD Vietnam | 120 | - | - | 120 |
| Civicus | - | 120 | - | 120 |
| Camara Education | - | 117 | - | 117 |
| Viet Health Vietnam | 117 | - | - | 117 |
| Hope Foundation | - | 110 | - | 110 |
| Agricultural Non State Actors | 100 | - | - | 100 |
| Henry Dunant Centre for Humanitarian Dialogue | - | 100 | - | 100 |
| HAP International | - | 100 | - | 100 |
| Community Markets for Conservation | 100 | - | - | 100 |
| Irish Human Rights Commission | - | 100 | - | 100 |
| Glencree Centre for Reconciliation | - | 100 | - | 100 |
| Volunteers in Irish Veterinary Association | - | 100 | - | 100 |
| Christian Blind Mission Ireland | - | 100 | - | 100 |
| MRFCJ | - | 100 | - | 100 |
| Orbis Ireland | - | 100 | - | 100 |
| Aidspan | - | 100 | - | 100 |
| Restless Development | 100 | - | - | 100 |
| Crisis Management Initiative | - | 100 | - | 100 |
| SA Hiv/Aids Information Dissemination Service | 100 | - | - | 100 |
| Yesh Din Volunteers for Human Rights | - | 90 | - | 90 |
| Gisha-Legal Centre for Freedom | - | 90 | - | 90 |
| Saferworld | - | 90 | - | 90 |
| John Paul II Justice and Peace Centre | 88 | - | - | 88 |

| Ainm na hEagraíochta | Tacaíocht trí Thíortha Comhpháirtíochta Tábhachtacha | Tacaíocht trí línte buiséid CC | Tacaíocht ó Rannóga Rialtais Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Bimkom Planners for Planning Rights | - | 85 | - | 85 |
| 80:20 Educating & Acting for a Better World | - | 81 | - | 81 |
| Community Led Total Sanitation Foundation | - | 80 | - | 80 |
| Safaids | 80 | - | - | 80 |
| Palestinian Centre for Human Rights | - | 80 | - | 80 |
| CRD Vietnam | 80 | - | - | 80 |
| Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann | - | 80 | - | 80 |
| Al Haq, Law in the Service of Man | - | 80 | - | 80 |
| Young Scientist & Technology Exhibition -Tanzania | 77 | - | - | 77 |
| Comet ME | - | 75 | - | 75 |
| Cumann Addameer um Thacaíocht do | | | | |
| Phríosúnaithe agus Chearta an Duine | - | 75 | - | 75 |
| Jerusalem Legal Aid & Human Rights Centre | - | 75 | - | 75 |
| Miftah | - | 70 | - | 70 |
| The Haven Community Foundation | - | 70 | - | 70 |
| Eco-Unesco | - | 70 | - | 70 |
| IBEC | - | 67 | - | 67 |
| Comhdháil na gCeardchumann | - | 65 | - | 65 |
| Lourdes Youth & Community Services | - | 65 | - | 65 |
| Skillshare International Ireland | - | 64 | - | 64 |
| International Youth Foundation | 60 | - | - | 60 |
| Cumann Dlí na hAfraice Theas | 60 | - | - | 60 |
| Family Aids Caring Trust (Chiredzi) | 60 | - | - | 60 |
| Diocese of Mutare Community Care Programme | 60 | - | - | 60 |
| UPR Info | - | 60 | - | 60 |
| Friends in Ireland | - | 60 | - | 60 |
| Latin America Solidarity Centre | - | 60 | - | 60 |
| Foundation Nepal | - | 50 | - | 50 |
| Amnesty International - Rannóg na hÉireann | - | 50 | - | 50 |
| Dialogue Advisory Group (Dag) | - | 50 | - | 50 |
| An Taisce - Green Schools | - | 50 | - | 50 |
| CRS Vietnam | 50 | - | - | 50 |
| Pvtawelthungerhilfe/Gaa Vietnam | 50 | - | - | 50 |
| An Institiúid um Chearta an Duine & Ghnó Vítneam | 50 | - | - | 50 |
| Interpeace | - | 50 | - | 50 |
| An Lárionad um Oideachas Domhanda Thuaisceart Éireann | - | 50 | - | 50 |
| Crisis Action Ltd | - | 50 | - | 50 |
| Global Alliance Improved Nutrition | - | 50 | - | 50 |

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála,
Teach Uíbh Eachach,
80 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2

t: +353 1 408 2000
www.irishaid.ie/ie/
www.dfa.ie/ie/

